



February 2012



The Competition Authority
An tÚdarás Iomláochta

Tuarascáil Bhliantúil 2011

CLÁR ÁBHAR

<i>TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH</i>	6
1. MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA	8
Tairbhí na hIomaíochta.....	8
Tugann Iomaíocht Tacaíocht d’Fhás Geilleagrach	9
Ár bhFeidhmeanna	10
Iompar Frithiomaíoch a Chosc	10
Cumaisc agus Éadálacha a Athbhreithniú.....	12
Iomaíocht a Chur chun Cinn.....	14
Obair Idirnáisiúnta	14
Seirbhísí Tacaíochta Inmheánaí	15
Oibriú le Gníomhaireachtaí Stáit Eile	15
Iompar Frithiomaíoch a Aithint	16
Gearáin a Dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta.....	17
An Próiseas um Láimhseáil Gearán	17
Gearáin a réiteach gan chaingean dlí.....	18
An Clár um Dhíolúine Cairtéal.....	18
Ár gCuid Oibre a chur in Ord Tosaíochta.....	19
2. DLÍ NA hIOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ	21
Cásanna os comhair na gCúirteanna	22
Beef Industry Development Society	22
Iarnród Éireann	23
Cás faoi Ola Téimh	24
Fiosrúcháin Dúnta	24
Praghsanna Miondíola Peitрил/Díosail	25
RTÉ	26
Seirbhísí Iompair Mara	27
Cásanna Chothabháil Praghsanna Miondíola (CPM).....	28
Comhlachais Trádála agus Dlí na hIomaíochta	28
Aighneacht faoi Choireacht an Bhóna Bháin	29
Aighneacht faoi Chomhshásamh	29
An Bille Iomaíochta (Leasú) 2012.....	30
Athbhreithniú ar an gClár um Dhíolúine Cairtéal	30
Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe	30
3. MEASÚNÚ AR CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA	34
Fógraí faoi Chumaisc le linn 2011	34
Cumaisc agus Imscrúdú a bhfuil Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag Teastáil Dóibh	35
Imscrúduithe Cumaisc Leathnaithe Céim 1 – Éilimh ar Fhaisnéis.....	37

	An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 – Comhairle curtha ar fáil don Aire faoi alt 7	38
	Cumaisc a bhfuil gnóthaí meáin rannpháirteach iontu	39
	Cás Kerry Breeo	40
	Treoirínte maidir le Cumaisc.....	40
4.	IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN.....	44
	Moltaí ó Iar-thuarascálacha	44
	Seirbhísí Díl	45
	Dochtúirí Ginearálta.....	45
	Pleanáil Mhiondíola.....	46
	Iomaíocht idir Soláthraithe Teilifíse i mBloic Árasáin	47
	Comhairle faoi Reachtaíocht Bheartaithe, Shaincheisteanna Rialála agus Iomaíochta.....	47
	Baincéireacht	48
	Leictreachas	49
	Dramhaíl	49
	Uisce	50
	Réimsí Comhairle Eile.....	51
	Feasacht a Mhúscailt.....	52
	Oideachas agus For-rochtain	52
	An Seó Bóthair ar Chamastáil Tairiscintí	52
	Sraith Seimineár an Institute of International and European Affairs.....	53
	Seimineár ar Fhineálacha Sibhialta	53
	Comhdháil Iomaíochta.....	54
	Ráiteas Straitéise.....	54
	Oráidí, Láithreachais, Semineáir agus Ailt.....	56
5.	OBAIR IDIRNÁISIÚNTA.....	57
	An Coimisiún Eorpach	57
	Cásanna Athbhreithnithe Cumaisc an AE	57
	Meitheal Oibre Ad Hoc an AE maidir le Cumaisc.....	57
	An Líonra Eorpach um Iomaíocht.....	58
	Nuachtlitir an ECN agus Coimre an ECN	59
	An Eagraíocht um Chomhair agus Fhorbairt Eacnamaíochta.....	59
	An Líonra Idirnáisúnta um Iomaíocht.....	59
6.	SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA.....	61
	Airgeadas	61
	Iniúchadh Inmheánach	61
	Saoráil Faisnéise.....	62
	Acmhainní Daonna	62
	Seirbhís do Chustaiméirí	63

A.	STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA	64
	Comhaltaí an Údaráis Iomaíochta amhail an 31 Nollaig 2011	64
B.	CUMAISC AR TUGADH FÓGRA DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA FÚTHU I 2011	66
C.	STAITISTICÍ AR CHUMAISC A MEASÚNAÍODH 2009-2011.....	69
D.	AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA I 2011.....	70
E.	SEIMINEÁIR, ÓRÁIDÍ, LÁITHREACHAIS & PÁIPÉIR	72

TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH

Bliain dhúshlánach eile ab ea 2011 le haghaidh na hÉireann. Agus muid ag iarraidh ár ngeilleagar a atógáil, táthar ag tabhairt níos mó airde ar an ról a fhéadann iomaíocht, agus an beartas i leith iomaíochta, a ghlacadh maidir lenár gcuid iomaíochais a athbhunú, onnmhairí a neartú agus fás eacnamaíochta a athbheochan. Féadann easpa iomaíochta dul i bhfeidhm ar chumas ár gcuid gnóthaí teacht slán agus fás, trí mhéadú ar chostais ionchuir mar theileachumarsáid, dhramhaíl, fhuinneamh agus sheirbhísí gairmiúla. Féadann sé bacainní a chur roimh iontráil a fhéadann gnóthaí a choimeád ó leathnú go réimsí nua.

Le linn tréimhsí deacra ar nós na tréimhse reatha, bíonn gá níos mó ann le leasuithe ar son an iomaíochais, agus i 2011 tharla go leor gníomhaíochta i réimsí mar na gairmeacha dlí. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh cathú níos láidre ann le haghaidh comhlachtaí nó earnálacha cosaint reachtaíochta nó rialála a lorg ón iomaíocht. Cé go bhféadfadh go dtarlódh sé sin mar fhreagra nádúrtha ar dheacrachtaí airgeadais, is cosúil go méadódh sé costais ionchuir, go laghdódh sé táirgiúlacht agus go dtiocfadh sé salach ar théarnamh san fhadtéarma.

Tháinig athrú mór ar chúrsaí an Údaráis Iomaíochta le linn 2011. Tharla láimhdeachas mór i measc na gComhaltaí toisc go ndeachaigh conarthaí triúir Comhaltaí (beirt chomhaltaí sealadacha agus comhaltaí fadtéarmach amháin) in éag, go ndeachaigh an Cathaoirleach, Declan Purcell ar scor, gur ceapadh baill foirne an Údaráis mar Chomhaltaí sealadacha agus gur earcaíodh Comhaltaí agus Cathaoirleach nua trí chomórtas oscailte. I bhfianaise an mhéid sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir, a chruthaigh díograis agus gairmiúlacht agus iad ag leanúint ar aghaidh leis an obair agus leis an eagraíocht a choimeád ar siúl le linn na tréimhse. Ba mhaith liom ach go háirithe buíochas a ghabháil le Noreen Mackey, David McFadden agus Ciaran Quigley, baill foirne an Údaráis, a ghníomhaigh mar Chomhaltaí sealadacha agus iad fós i mbun a gcuid gnáthphost agus a sholáthair ceannaireacht nuair a bhí athruithe mór ag teacht ar chúrsaí. I nDeireadh Fómhair 2011 ghlac mé post mar Chathaoirleach, agus tháinig Comhaltaí nua Stephen Calkins agus Gerald FitzGerald i mí na Nollag¹. Táim cinnte go bhfuil an saineolas agus an díograis, chomh maith leis an tseasmhacht, againn chun ligean dúinn dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn.

Ní rachaidh na dúshláin sin i laghad i 2012. Cosúil le gach cuid den tseirbhís phoiblí, d'fhulaing an tÚdarás ciorruithe ar a chuid ball foirne agus acmhainní. Ciallaíonn sé sin go mbeidh orainn úsáid ár gcuid acmhainní a phleanáil ar bhealach níos cúramaí, agus bheith níos déine maidir le tosaíochtaí a shocrú. Táimid ag obair go crua i dteannta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí chun cinntiú go n-éireoidh lenár gcónascadh beartaithe. Táimid cinnte go mbeimid in ann gníomhaireacht a chruthú a bheidh an-éifeachtach, an-údarásach agus an-ábhartha do shaol na ngnáth-thomhaltóirí.



Isolde Goggin

Cathaoirleach, an tÚdarás Iomaíochta

¹ Chuaigh Patrick Kenny isteach san Údarás mar Chomhalta in Eanáir 2012.

1. MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as dlí na hiomaíochta atá i bhfeidhm in Éirinn agus san Eoraip a fhorfheidhmiú in Éirinn agus as iomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar. Tá sé de chumhacht againn imscrúdú a dhéanamh chun fáil amach an bhfuil fianaise ann go bhfuil gnóthaí i mbun cleachtas frithiomaíoch, mar phraghas-socrú, nó go bhfuil mí-úsáid ceannasachta ar siúl i ngnóthaí. Chomh maith leis sin féadaimid cumaisc idir gnóthaí a chosc áit a ndéanfaidís iomaíocht a laghdú go mór agus a ndéanfaidís dochar do thomhaltóirí.

Tá tomhaltóirí ag croílár ár gcuid gníomhaíochta go léir. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh iomaíocht chun leas na dtomhaltóirí go léir a cheannaíonn táirgí agus seirbhísí in Éirinn. Áirítear leis sin gnóthaí, an Stát agus a chuid gníomhairí, chomh maith le daoine aonair. Tá iomaíocht ríthábhachtach chun cabhrú le téarnamh geilleagrach na hÉireann.

Déanann iomaíocht praghsanna a choimeád síos agus cuireann sé feabhas ar na roghanna atá ag tomhaltóirí agus ar chaighdeán na n-earraí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad. Mar thoradh ar an bpróiseas sin bíonn gnóthaí na hÉireann níos iomaíche, ar leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta araon agus tugtar tacaíocht d'fhás eacnamaíoch, rud atá ríthábhachtach na laethanta seo.

Tá ról an-leathan ag an Údarás maidir le hiomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar. Comhlíonaimid an ról sin trí leasú a iarraidh nuair a chuirtear srian ar iomaíocht de bharr dhlíthe nó rialacháin na hÉireann nó gníomhartha ag comhlachtaí Stáit. Tugaimid comhairle don Rialtas agus dá chuid gníomhairí maidir leis an gcaoi a bhféadadh reachtaíocht nó rialacháin bheartaithe dul i bhfeidhm ar iomaíocht. Freisin cuirimid iomaíocht chun cinn trí heolas a thabhairt d'údarais phoiblí agus don phobal faoin obair a dhéanaimid agus faoin gcaoi a bhféadfadh gach saoránach leas a bhaint as iomaíocht.

Mar thoradh ar ár gcuid imscrúduithe rinneadh gnóthaí agus daoine aonair a ionchúiseamh as cairtéil mhídhleathacha a rith. Chabhraigh gníomhaíochtaí forfheidhmithe eile le hiompar comhlachtaí aonair a athrú agus cuireadh deireadh le hiompar a d'fhéadfadh a bheith dochrach dá mbarr. Chomh maith leis sin rinneamar staidéar ar réimsí éagsúla den gheilleagar agus déanaimid moltaí chun iomaíocht a fheabhsú.

Tairbhí na hIomaíochta

Tá go leor tairbhí ag baint le hiomaíocht shláintiúil idir gnóthaí.

- Tugann sé níos mó rogha don tomhaltóir.
- Cinntíonn sé go bhfaigheann tomhaltóirí luach ar airgead.
- Spreagann sé do ghníomhaíochtaí táirgí agus seirbhísí nua agus níos fearr a chruthú.
- Tugann sé tacaíocht d'fhás geilleagrach.

Baineann tomhaltóirí leas aisti toisc go mbíonn rogha soláthraithe san iomaíocht le haghaidh a gcuid gnó trí phraghsanna níos fearr a thairiscint chomh maith le hearraí agus seirbhísí de chaighdeán níos fearr. Is tomhaltóirí iad gnóthaí chomh maith, agus nuair a bhaineann tomhaltóirí leas as iomaíocht, baineann an geilleagar leas as chomh maith. Mar shampla, nuair a

théann praghsanna leictreachais i laghad mar thoradh ar níos mó iomaíochta, tagann laghdú chomh maith ar an gcostas iomlán as gnó a dhéanamh. Éiríonn gnóthaí na hÉireann níos iomaíche dá bharr sin, rud a thacaíonn le fás eacnamaíoch fadtéarmach.


Áit a bhfuil easpa iomaíochta i gceist, mar shampla áit a bhfuil cairtéal i bhfeidhm, ní théann gnóthaí san iomaíocht le haghaidh custaiméirí. Sna cásanna sin, is gnách go bhfulaingíonn an custaiméir toisc go mbíonn praghsanna níos airde, go mbíonn níos lú rogha ann nó go mbíonn cáilíocht níos ísle.

Tá leas bainte ag Éirinn as iomaíocht. Mar thoradh ar chleachtadh is eol dúinn go bhfuair custaiméirí níos mó rogha, praghsanna níos fearr, seirbhís fheabhsaithe agus níos mó earraí agus seirbhísí nua nuair a osclaíodh tionscal na n-aerlínte, busanna idirchathrach, earnáil na teileachumarsáide agus earnáil an fhuinnimh d'iomaíocht.

Tugann Iomaíocht Tacaíocht d'Fhás Geilleagrach

I ngeilleagar beag oscailte ar nós gheilleagar na hÉireann, tá ról lárnach ag iomaíochas idirnáisiúnta i bhfás geilleagrach a stiúradh: is é atá i gceist leis sin ná cumas cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn onnmhairiú. Trí hearraí agus seirbhísí a onnmhairiú, cruthaíonn gnóthaí in Éirinn maoin agus fostaíocht, agus cabhraíonn siad – trí chánacha a íoc – le seirbhísí poiblí mar shláinte agus leas sóisialach a chistiú.

Tacaíonn iomaíocht le hiomaíochas idirnáisiúnta ar dhá bhealach. Is í an chéad éifeacht agus an éifeacht is feiceálaí ná go gcoimeádtar praghsanna intíre síos agus go dtugtar rogha níos fearr agus cáilíocht fheabhsaithe earraí agus seirbhísí. Ciallaíonn sé sin go bhféadann cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn a gcuid praghsanna a choimeád síos agus táirgí níos saoire, níos fearr a chruthú ar féidir a onnmhairiú níos éasca.



Chomh maith leis sin déanann iomaíocht fás táirgiúlachta a stiúradh de réir mar a dhéanann comhlachais iarracht próisis a fheabhsú, costais a laghdú agus táirgí a dhéanamh atá níos oiriúnaí do riachtanais athraithe an tomhaltóra. Is é atá i gceist le táirgiúlacht ná tomhas ar an leibhéal luacha a fhaigheann gnó óna chuid ionchur. Chun táirgiúlacht a mhéadú, is é sin ná chun níos mó aschuir a fháil ó leibhéal áirithe ionchur, ní mór do ghnó bheith níos éifeachtaí. Ní mór dó freisin bheith nuálaíoch agus táirgí nua a fhorbairt a mbeidh an-tóir orthu i measc tomhaltóirí.

Áit a mbíonn iomaíocht láidir, bíonn táirgiúlacht láidir. Mura ndéanann cuideachtaí atá ag oibriú i margaí iomaíocha a gcuid táirgiúlachta a fheabhsú caillfidh siad custaiméirí. Go deimhin, is iad na hearnálacha is táirgiúlaí in Éirinn ná iad siúd a dhéanann trádáil idirnáisiúnta i margaí iomaíocha. Mar shampla, tá leibhéal táirgiúlachta in earnálacha nuálaíochta na gceimiceán, na cógaisíochta agus na leictreonaic ard agus os cionn an mheáin i gcomparáid le hearnálacha cosanta a dhéanann trádáil intíre mar sheirbhísí dlí, mhiondíol agus dháileadh áit ar gnách go mbíonn iomaíocht níos laige.

Is amhlaidh go mbeidh ról méadaithe ag táirgiúlacht maidir le hiomaíochas na hÉireann a shocrú, agus ár bhfás geilleagrach fadtéarmach i dteannta leis sin. Fiú i gcás geilleagar ardchostais mar Éire, féadann cuideachtaí a bhfuil leibhéal arda táirgiúlachta acu leanúint ar aghaidh ag laghdú costas agus/nó nuáil chun táirgí níos saoire níos fearr a chruthú a mbeidh sé níos éasca iad a dhíol thar lear. Mar sin is fachtóir rithábhachtach í táirgiúlacht maidir le fostaíocht a choimeád agus a fhorbairt agus beidh ról lárnach aici i bhfeidhmíocht gheilleagrach agus i gcaighdeáin mhaireachtála na hÉireann a shocrú sa todhcháí.

Ár bhFeidhmeanna

Iompar Frithiomaíoch a Chosc

Tá ról faoi leith ag an Údarás Iomaíochta maidir le hiompar frithiomaíoch a chosc. Tá freagracht orainn as alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002 (an tAcht) agus as Airteagal 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a fhorfheidhmiú. Leis an Acht Iomaíochta tugtar cumhacht dúinn chun sárúithe ar dhlíthe na hiomaíochta a imscrúdú, tar éis gearáin nó as ár stuaim féin. Freisin tugtar cumhachtaí sonracha imscrúdaithe dúinn de bharr an Achta. Ina measc tá an chumhacht chun dul isteach in áitribh agus i dtithe agus iad a chuardach agus barántas cuardaigh againn a d'éisigh an Chúirt Dúiche, an chumhacht chun doiciméid agus taifid a urghabháil, an chumhacht finnétithe a thoghairm agus faisnéis a éileamh ó thríú páirtithe.

In Éirinn, is í an chúirt amháin a fhéadann cinneadh gur briseadh dlí na hiomaíochta agus a fhéadann pionóis a ghearradh. Ní dhéanann an tÚdarás Iomaíochta na cinntí sin agus ní fhéadann sé fíneálacha ná pionóis eile as iompar frithiomaíoch a eisiúint. Is gnách go ndéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) ionchúisimh a thionscain tar éis imscrúdaithe a rinneamar féin, cé go bhféadaimid ionchúisimh a choimre a thógáil sa Chúirt Dúiche as ár gceart féin.

I gcásanna eile nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, áit a gceapaimid gur briseadh dlí na hiomaíochta, tógaimid cás sibhialta os comhair na gcúirteanna. Uaireanta dúntar cásanna tar éis socraithe leis na páirtithe, áit a n-aontaíonn siad go n-athróidh siad a gcuid iompair.

Féadann iompar frithiomaíoch tarlú i bhfoirmeacha éagsúla.

Cairtéil

Is é atá i gcairtéal ná comhaontú mídhleathach idir beirt iomaitheoirí nó níos mo gan dul san iomaíocht lena chéile. Cineál iompair fhrithiomaíoch atá ann a dhéanann dochar don tomhaltóir i gcónaí. Is í an aidhm atá acu ná brabús níos mó a dhéanamh agus is iad a gcuid custaiméirí a bhíonn thíos leis. Ciallaíonn sé go mbíonn ar chustaiméirí níos mó airgid a íoc as earraí seirbhísí. Coir i gcoinne tomhaltóirí atá i gcairtéil.

Is gnách go dtugtar comhaontuithe frithiomaíocha crua ar chomhaontuithe cairtéil mar thoradh ar nádúr aonchiallach an dochair a dhéanann siad do thomhaltóirí. Is ionann cairtéil agus an chineál iompair fhrithiomaíoch is tromchúisí. Mar sin tá sé mar thosaíocht fhorfheidhmithe don Údarás deireadh a chur le cairtéil.

Tá cairtéil mídhleathach ar fud an Aontais Eorpaigh agus aithnítear iad mar an sárú is tromchúisí ar dhlí na hiomaíochta ar fud an domhain. In Éirinn, sárúithe crua ar dhlí na hiomaíochta atá i gcairtéil. D'fhéadfadh go mbeadh aon ghnó nó duine a fhaightear ciontach as cion crua cairtéil faoi réir roinnt pionós, lena n-áirítear fíneálacha agus daorbhreitheanna príosún.

Tá sé deacair agus casta cairtéil a imscrúdú. Ar cheann de na fáthanna leis sin ná gurb amhlaidh gur gnách go mbíonn comhcheilg rúnda idir go leor gnóthaí agus gnóthaí ar leithligh i gceist le cairtéil. Chomh maith leis sin, in Éirinn, i gcomparáid leis an gcuid is mó de thíortha an AE, déantar cionta crua cairtéil a ionchúiseamh go coiriúil agus bíonn dualgas cruthúnais sa chúirt de réir caighdeáin choiriúil. Ciallaíonn sé sin nach mór an cion a chruthú do bhreitheamh nó do ghiúiré gan aon amhras réasúnach (seachas cothrom na dóchúlachta).

Tá cineálacha éagsúla cairtéil ann.

- Aontaíonn cairtéil praghas-shocraithe ar an bpraghas atá le gearradh as earraí nó seirbhísí.
- Aontaíonn cairtéil roinnte margaidh ar na hionaid nó na grúpaí custaiméirí a ndíolfaidh gach ceann acu earraí nó seirbhísí leo, agus bíonn praghsanna níos airde dá bharr sin.
- Déanann cairtéil um theorannú táirgeachta an líon earraí nó seirbhísí a dhéanann siad a rialú chun cinntiú go bhfanfaidh praghsanna ard.
- Aontaíonn cairtéil um chamastaíl tairiscintí nó cairtéil tairisceana claonpháirtí ar an méid a ndéanfaidh gach ceann acu a thairiscint le haghaidh conartha nó gnó. Déanann siad an toradh a shocrú ionas go dtógfaidh gach ball den chairtéil seal maidir leis an ngnó a bhuanach. Is é an toradh air sin ná go mbíonn ar an ngnó nó an ngníomhaireacht phoiblí níos mó a íoc as na hearraí nó an tseirbhís.

Nuair a bhíonn dóthain fianaise bailithe againn maidir le comhaontuithe cairtéil choiriúil, déanaimid comhad a atreorú chuig an DPP le haghaidh ionchúisimh ar díotáil.

Comhaontuithe Frithiomaíocha Neamhchrua

Is minic go dtagraítear d'fhoirmeacha eile comhaontuithe fhrithiomaíocha, áit nach bhfuil cuspóir ná éifeacht an iompair chomh soiléir, mar chomhaontuithe neamhchrua.

D'fhéadfadh go mbeadh comhaontuithe neamhchrua i bhfeidhm idir:

- Iomaitheoirí – comhaontuithe a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht fhrithiomaíoch acu ach nach mbaineann le praghas-shocrú, le roinnt an mhargaidh, le táirgeadh a theorannú ná le camastaíl tairiscintí. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála, cineálacha áirithe comhfhiontair agus srianta arna leagan ag

comhlachtaí gairmiúla nó comhlachais trádála ar a gcuid ball, i gceist le comhaontuithe den sórt sin.

- Neamhiomaitheoirí – comhaontuithe idir comhlachtaí nach iomaitheoirí iad, mar shampla, comhaontuithe idir comhlachais i slabhra dáileacháin, mar dhéantúsóirí agus dháileoirí. D'fhéadfadh go mbeadh comhaontuithe den sórt sin frithiomaíoch má dhéanann siad iompar cuideachta a chosc gan ghá, mar shampla, an praghas nach mór do mhiondíoltóir díol air nó na custaiméirí a bhféadann siad díol leo a dheachtú.

Is é cuspóir an Údaráis Iomaíochta ná cur faoi deara na bpáirtithe atá rannpháirteach i gcomhaontuithe frithiomaíoch aontú éirí as an iompar fadhbach. Más gá, féadaimid iarraidh ar an Ard-Chúirt orduithe a thabhairt a cheanglóidh orthu déanamh amhlaidh.

Mí-úsáid Ceannasachta

Níl cead ag gnóthaí a bhfuil seasamh cumhachtach acu i gcoibhneas lena gcuid iomaitheoirí agus custaiméirí iompar ar bhealaí frithiomaíoch. Níl sé mídhleathach bheith i seasamh ceannasach. Más amhlaidh, áfach, go ndéanann gnó iarracht a chuid iomaitheoirí a dhíbirt nó iomaitheoirí nua a choimeád ó theacht chun cinn trína sheasamh ceannasach a mhí-úsáid, tá dlí na hiomaíochta á shárú.

Áirítear leis an gcineál iompair a bhféadfaí a mheas mar mhí-úsáid ag comhlachas i seasamh ceannasach:

- Praghsáil chreachóireach – táirge nó seirbhís a dhíol ar phraghas an-íseal, agus é mar aidhm iomaitheoirí a chur ón margadh, nó bacainní roimh iontráil a chruthú le haghaidh iomaitheoirí nua féideartha.
- Déileáil eisiach – áit a gceanglaítear ar mhiondíoltóir nó mhórdíoltóir táirge nó seirbhís iomlán nó an chuid is mó de/di a cheannach ó sholáthraí ceannasach aonair.
- Ceangal – gan earra amháin a dhíol ach má cheannaítear earra eile ón soláthraí ceannasach.
- Diúltú soláthar – diúltú táirgí nó seirbhísí a sholáthar do chuideachta eile mar bhealach le hiomaíocht a dhíbirt.

Mar is amhlaidh maidir le comhaontuithe frithiomaíoch neamhchrua, áit a bhfuil mí-úsáid ceannasachta i gceist, is gnách go ndéanaimid iarracht cur faoi deara an comhlachas atá i gceist aontú go n-éireoidh sé as a iompar frithiomaíoch. Murar féidir linn cur faoi deara orthu comhlíonadh go deonach, féadaimid an comhlachas a thógáil chuig an gCúirt.

Forfheidhmiú Príobháideach Dhlí na hIomaíochta

Ní fhéadann an tÚdarás Iomaíochta airgead a fháil ar ais le haghaidh íobartaigh cairtéal ná iompair fhrithiomaíoch eile. Féadann aon duine a ndearnadh dochar dóibh de bharr iompair fhrithiomaíoch, áfach, caingean sibhialta príobháideach a thógáil sa chúirt faoi dhlí na hÉireann.

Cumaisc agus Éadálacha a Athbhreithniú

Tarlaíonn cumaisc idir cuideachtaí nuair a dhéanann siad a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chomhcheangal chun cuideachta níos mó a chruthú. Áit a gceannaíonn cuideachta amháin cuideachta iomlán eile nó cuid di, is é atá i gceist ná éadail. Féadann siad dochar nó maitheas a dhéanamh do chustaiméirí.

- Áit a ndéantar deachumaisc nó dea-éadálacha, tagann gnó níos éifeachtaí chun cinn a thugann roinnt coigiltis costais ar aghaidh do thomhaltóirí. Freisin féadann siad leibhéal na hiomaíochta i margadh a mhéadú.
- Nuair a dhéantar droch-chumaisc nó drochéadálacha tá sé de chumhacht ag gnó amháin nó níos mó a gcuid praghsanna a ardú, aschur a laghdú, nó an caighdeán do chustaiméirí a laghdú. Déanann siad laghdú substaintiúil ar iomaíocht agus bíonn custaiméirí thíos leis.

Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc nó éadálacha a bhfuil cuideachtaí rannpháirteach iontu a bhfuil láimhdeachas acu atá os cionn méid áirithe airgid. Ansin tá sé de chumhacht againn, tar éis an fógra a mheasúnú, cumasc nó éadail a cheadú, mura bhfuil aon imní faoi iomaíocht i gceist leis, nó bac a chur leis má fhaighimid go ndéanfaidh sé iomaíocht a laghdú go substaintiúil agus go ndéanfaidh sé dochar do thomhaltóirí. Freisin féadaimid cumasc nó éadail a cheadú faoi réir coinníollacha, áit a bhfuilimid cinnte go rachaidh na coinníollacha a leagfaimid i ngleic le haon ábhair imní faoi iomaíocht.

Féadfaidh dhá chéim a bheith i gceist le hathbhreithniú cumaisc. Bíonn Céim 1 ar siúl ar feadh aon mhíosa amháin (ach má dhéantar í a shíneadh mar thoradh ar iarratas ar fhaisnéis breise agus/nó cur isteach moltaí chun dul i ngleic le hábhair imní faoi iomaíocht) agus le linn na tréimhse sin déantar measúnú tosaigh ar an idirbheart. Ceadaítear thart ar 97% de na cumaisc go léir i gcéim 1. Má tá an cumasc casta, nó má tá níos mó ama ag teastáil chun é a mheasúnú, d'fhéadfadh go leanfadh an cumasc ar aghaidh go céim 2. Measúnú domhain é sin ar an idirbheart a d'fhéadfadh a bheith ar siúl ar feadh suas go trí mhí. Tar éis mheasúnú chéim 2 d'fhéadfadh go gceadófaí an margadh, go gceadófaí é faoi réir coinníollacha nó gcuirfí bac leis. I ngach cás, foilsíonn an tÚdarás cinneadh réasúnaithe a mhíníonn an cinneadh a ghlac sé.

Déileáiltear ar bhealach beagán difriúil le cumaisc meán cumarsáide. Ní mór fógra faoi gach cumasc meán a sheoladh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Má chinnimid gan cumasc meán a cheadú, ar an mbunús nach bhfuil aon ábhair imní faoi iomaíocht i gceist leis, ní mór dúinn an tAire a chur ar a eolas faoi. Féadfaidh an tAire cinneadh bac a chur leis an gcumasc ar bhunúis neamhiomaíochais, mar éagsúlacht agus iolracht úinéireacht na meán.

Bíonn rialacha difriúla i bhfeidhm maidir le cumaisc a bhfuil forais chreidmheasa in Éirinn rannpháirteach iontu (cumaisc CIFS) faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 (An tAcht CIFS). Cruthaítear cumasc CIFS nuair a thugann an tAire Airgeadais deimhniú i scríbhinn do na páirtithe sa chumasc, don Údarás Iomaíochta agus do Ghobharnóir an Bhainc Cheannais go bhfuil an cumasc laistigh de shainchúram an Acht CIFS. Nuair atá cumasc deimhnithe ní mór fógra mar gheall air a thabhairt don Aire Airgeadais seachas don Údarás. Cé go bhféadfadh go mbeadh ról againn, ar iarratas ón Aire Airgeadais, chun athbhreithniú a dhéanamh agus cúnamh a sholáthar i dtaobh chumasc CIFS, níl aon dlínse againn chun teacht ar chinneadh maidir le cumaisc den sórt sin.

Iomaíocht a Chur chun Cinn

Tá feidhm ag an Údarás Iomaíochta faoin Acht Iomaíochta iomaíocht a chur chun cinn tríd na gníomhartha seo a leanas:

- staidéar a dhéanamh ar réimsí den gheilleagar chun scrúdú conas atá ag éirí leis an iomaíocht,
- dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin a aithint a mbíonn tionchar diúltach acu ar an iomaíocht,
- comhairle a thabhairt don Rialtas, agus dá chuid Airí agus gníomhaireachtaí faoin gcaoi a bhféadfadh reachtaíocht nó rialacháin dul i bhfeidhm ar an iomaíocht,
- comhlíontacht a chur chun cinn i measc gnóthaí,
- an pobal a chur ar a eolas faoi chásanna iomaíochta agus feasacht a mhúscailt faoi thairbhí na hiomaíochta.

D'fhéadfadh go ndéanfaí iomaíocht a shrianadh ag dlíthe, rialacháin nó cleachtais riarachán, a d'fhéadfadh tairbhí iomlána na hiomaíochta a dhiúltú do chustaiméirí.

Má fhaigheann an tÚdarás go bhfuil an Stát, a chuid gníomhairí, nó comhlacht ionadach príobháideach ag srianadh iomaíochta gan ghá, déanaimid moltaí um leasú. I measc na samplaí de shrianta den sórt sin ar iomaíocht tá:

- Socraíonn tionscal nó gairm an iomarca riachtanais iontrála, mar shampla ceanglaítear ar dhaoine cáilíochtaí a fháil nach bhfuil riachtanach chun an post a dhéanamh.
- Tá ceart dleathach fadtéarmach ag tionscal nó earnáil chun monaplachta maidir le hearra nó seirbhís a tháirgeadh. Mar shampla, go dtí le déanaí, bhí ceadúnas eisiach á thabhairt ag an Rialtas do BSL chun leictreachas a sholáthar.
- Cosc ar phraghsanna a fhógairt.

Obair Idirnáisiúnta

Tá gné idirnáisiúnta thábhachtach ag baint lenár gcuid oibre. Is é an cuspóir atá i gceist againn agus muid ag dul i ngleic ar leibhéal idirnáisiúnta lenár gcomhghleacaithe iomaíochta i dtíortha eile ná cur le forbairt an dea-chleachtais ar fud an domhain agus cinntiú go mbainimid úsáid as dea-chleachtas laistigh dár ngníomhaireacht, chomh maith lenár ról mar gníomhaireacht um fheidhmiú an dlí laistigh den AE a chomhlíonadh.

Ó 2003 ar aghaidh, táimid, i dteannta le cúirteanna na hÉireann freagrach as dlí iomaíochta na hEorpa a fhorfheidhmiú in Éirinn². Eascraíonn an oibleagáid sin ó Rialachán Uimh.1 de 2003 ón gComhairle (CE) agus ónár mballraíocht ar an AE go ginearálta. Tá forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta ar cheann den líon beag réimsí beartais eacnamaíochta áit a ndearna an tAE cumhachtaí agus freagrachtaí a tharmligean do Bhallstáit. Déanann an Coimisiún Eorpach monatóireacht ar fhorfheidhmiú ag Ballstáit aonair agus déanann sé iarracht

² Tá ról ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide freisin i bhforfheidhmiú dhlí na hiomaíochta in Éirinn maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonaí.

cinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe i dtreo na hiomaíochta i bhfeidhm sna húdaráis iomaíochta náisiúnta. Déanann siad amhlaidh tríd an Líonra Eorpach um Iomaíocht (ECN). Ceanglaítear ar údaráis iomaíochta gach Bhallstát AE, lena n-áirítear Éire, páirt ghníomhach a ghlacadh san ECN: oibriú leis an gCoimisiún chun aontú ar chuir chuige choitianta i dtreo bheartas iomaíochta agus dul i gcomhairle maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fud an AE. Chomh maith leis sin glacaimid páirt i bhforbairt bheartas an AE i leith cumasc agus in athbhreithniú cásanna áit a theastaíonn, agus táimid inár gcomhaltaí de Mheitheal an AE ar Chumaisc, a rabhamar mar leaschathaoirleach air anuas go dtí mí na Nollag 2011.

Déanann an tÚdarás ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus táimid inár gcomhaltaí gníomhacha den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (ICN). Déanann na heagraíochtaí sin iarracht cinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite i bhfeidhm i dtreo dhlí agus bheartas iomaíochta ar leibhéal idirnáisiúnta. Dá bharr sin bíonn siad níos éifeachtaí ar leibhéal intíre agus laghdaítear costais rialála gnó ar leibhéal domhanda.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánaí

Tá dhá rannán ann san Údarás Iomaíochta a thacaíonn le hobair na heagraíochta iomláine. Soláthraíonn an Rannán Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don eagraíocht agus oibríonn an Rannán Straitéise ar thionscadail de nádúr straitéiseach agus tá an fheidhm cumarsáide bunaithe ann chomh maith.

Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach as na seirbhísí seo a leanas: rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, TF, cuntasáíocht, bainistíocht acmhainní daonna agus seirbhísí tacaíochta dlí. Cinntíonn siad go gcomhlíonaimid ár gcuid ceanglas éagsúil reachtúil agus rialála faoi Chód Cleachtais an Rialtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá an Rannán Straitéise freagrach as straitéisí agus beartais a fhorbairt don eagraíocht. Baineann siad sin le gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht ar leibhéal ilrannáin. Ina measc tá beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a fhorbairt chun ár gcuid oibre idirnáisiúnta a fheabhsú, cásanna a chur in ord tosaíochta, seachadadh éifeachtach tionscadal srl. Comhordaíonn an Rannán Straitéise ullmhú phlean gnó bliantúil agus Ráitis Straitéise trí bliana an Údaráis. Tá sé freagrach freisin as straitéis chumarsáide an Údaráis a fhorbairt agus a bhainistiú.

Oibriú le Gníomhaireachtaí Stáit Eile

Is é an tÚdarás Iomaíochta atá freagrach go príomha as an Acht Iomaíochta a chur i bhfeidhm. Uaireanta, áfach, bíonn sé oiriúnach dúinn idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí rialála eile chomh maith le gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí chun cúrsaí a réiteach. Déanaimid scrúdú uaireanta ar earnálacha áirithe den gheilleagar áit a bhfuil rialaitheoir neamhspleách ann cheana féin, mar shampla, cumarsáidí, eitlíocht agus fuinneamh. Chun cabhrú le comhoibriú, chun dúbláil a sheachaint agus comhsheasmhacht a chinntiú, tá comhaontuithe comhoibríthe i bhfeidhm againn le go leor rialaitheoirí agus gníomhaireachtaí.

Is amhlaidh ach go háirithe maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (Comreg). Tá sé de chumhacht acu siúd dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú i dteannta leis an Údarás Iomaíochta maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí,

líonra nó áiseanna bainteacha. Oibríonn an tÚdarás agus Comreg comhaontú comhoibríthe chun oibriú le chéile ar shaincheisteanna iomaíochta.

Tá comhaontuithe comhoibríthe i bhfeidhm againn leis na comhlachtaí seo a leanas:

- an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe,
- an tÚdarás Craolacháin,
- an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh,
- an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
- an tÚdarás Árachais Sláinte,
- an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide,
- an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, agus
- an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Chomh maith leis sin oibrímid i ndlúthpháirt le roinnt gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú an dlí sa Stát chun dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP): Nuair a chríochnaímid ionchúiseamh coiriúil féadfaimid comhad a chur faoi bhráid an DPP agus moladh ann le haghaidh ionchúisimh ar díotáil. Má chinneann an DPP ionchúiseamh a thógáil, téann an Príomh-Aturnae Ionchúisimh (PAI) i gceannas ar imeachtaí thar ceann an DPP agus ullmhaíonn sé/sí Leabhar Fianaise le seirbheáil ar an gcúisí. Cabhraímid leis an DPP agus an PAI de réir mar a theastaíonn le linn ionchúiseamh an cháis.

Ina theannta sin oibrímid *Clár um Dhíolúine Cairtéal* i gcomhpháirt leis an DPP. Tugtar cur síos níos leithne ar an gClár ar leathanach 16. Dearadh é chun spreagadh do dhaoine cairtéil a bhfuil, nó a raibh siad rannpháirteach iontu a thuairisciú. Féadann rannpháirtithe cairtéil iarratas a dhéanamh ar dhíolúine iomlán ó ionchúiseamh mar mhalairt ar chomhoibriú iomlán leis an Údarás agus an cás á fhiosrú, agus leis an DPP i gcás aon ionchúisimh sa deireadh.

An Garda Síochána: Déanaimid idirchaidreamh rialta le bainistíocht shinseartha ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú na Calaoise (GBFI). Tugtar Bleachtaire-Sháirseant ar iasacht chun oibriú i Rannán na gCairtéal mar oifigeach údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta. Tugann an Garda Síochána cabhair fhíorluachmhar don Údarás le linn tréimhsí ríthábhachtacha, mar fhorghníomhú barántas cuardaigh.

Iompar Frithiomaíoch a Aithint

Is minic gurb iad gnóthaí agus tomhaltóirí is fearr atá in ann iompar frithiomaíoch a aithint. Má tá eolas agat faoi iompar frithiomaíoch nó má tá tuairim agat go bhfuil se ar siúl, iarraimid ort an t-eolas a thabhairt dúinn. Is minic gurb í faisnéis ón bpobal an chéad chéim in imscrúdú a sheoladh ar dhaoine nó ghnóthaí atá rannpháirteach i gcairtéil nó atá ag mí-úsáid seasamh ceannasach. Tá an-spéis againn in aon fhaisnéis nó fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil praghas-shocrú, camastaíl tairiscintí, roinnt an mhargaidh nó aon iompar frithiomaíoch eile ar siúl.

Má tá tuairim agat go bhfuil iompar frithiomaíoch ar siúl, féadann tú é a thuairisciú dúinn trí ríomhphost, tríd an nguthán nó i scríbhinn. Déanaimid gach gearán a scagadh chun cinntiú go ndéantar iad a mheasúnú i gceart. Má thugann an fhaisnéis a fhaighimid le fios nach bhfuil sárú ar dhlí na hiomaíochta i gceist leis an ábhar, is gnách go ndúntar an comhad. Tugann an fhaisnéis thíos míniú níos leithne ar an gcaoi a dtéimid i ngleic le gearáin.

Gearáin a Dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta

Foinse thábhachtach faisnéise dúinn iad gearáin phoiblí faoi iompar frithiomaíoch. Féadann tomhaltóirí aonair a bhfuil tuairim acu go bhfuil gníomhaíocht fhrithiomaíoch ar siúl agus a dhéanann í a thuairisciú an-chabhair a thabhairt dúinn. Leis an bhfianaise faoi chairtéil agus phraghas-shocrú ó ghearáin a fuaireamar tugadh eolas luachmhar dúinn agus d'éascair imscrúduithe agus ionchúisimh rathúla aisti.

Tagann gearáin chugainn ó go leor foinsí, lena n-áirítear baill den phobal, gnóthaí aonair, eagraíochtaí trádála agus ionadaithe poiblí, chomh maith le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Má tá eolas agat faoi ghníomhaíocht fhrithiomaíoch molaimid duit teagmháil a dhéanamh linn.

Bainimid an-tairbhe as líomhaintí a bhfuil deafhianaise in éineacht leo. Áit a bhfuil cairtéil i gceist, caithfimid líomhaintí a chruthú de réir caighdeán choiriúil, is é sin ná *gan aon amhras réasúnach*. Mar sin, is mó is cosúil go n-eascróidh imscrúduithe rathúla ó ghearáin a bhfuil fianaise dhaingean á dtacú. Má fhaighimid dóthain fianaise le gearán a thugann cúiseanna réasúnacha dúinn le ceapadh go bhfuil an tAcht Iomaíochta á shárú, féadfaimid imscrúdú foirmiúil a sheoladh.

Má bhaineann gearán le saincheist i ndáil le dlíthe, rialacháin, nó cleachtaí riaracháin atá i bhfeidhm ag Roinn nó gníomhaireacht Rialtais cheana féin, a chuireann srianta nach gá i bhfeidhm ar an iomaíochas, tarraingimid aird ar an tsaincheist agus déanaimid iarracht tacú leis an athrú ar bhonn poiblí chomh maith leis an Roinn Rialtais nó an gcomhlacht atá i gceist.

An Próiseas um Láimhseáil Gearán

Tá Próiseas um Láimhseáil Gearán i bhfeidhm againn trína ndéantar measúnú ar gach gearán a fhaighimid. Dírionn an Próiseas um Láimhseáil Gearán acmhainní ar na cásanna is coincreítí, ach déantar cinnte ag an am céanna go bhféadaimid déileáil go tapa agus go cothrom le gearán nach bhfuil mórán fianaise tacaíochta nó nach bhfuil aon fhianaise ann dóibh.

Tá trí chéim ag baint leis an bPróiseas um Láimhseáil Gearán:

- scagadh
- measúnú
- imscrúdú

Mar an gcéad chéim, seiceálfaimid go mbeimid in ann déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Ansin cuirtear gearáin ar aghaidh chuig an rannán ábhartha chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh áit ar cuí. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go n-eascróidh imscrúdú ó ghearán, agus d'fhéadfadh go n-eascróidh roinnt torthaí féideartha uaidh sin, lena n-áirítear:

- comhad a sheoladh chuig an DPP, agus moladh ann go dtógfaí cúisimh choiriúla,
- imeachtaí dlí a thógáil san Ard-Chúirt chun deireadh a chur le hiompar

- frithiomaíoch,
- socrúcháin lasmuigh den chúirt a chaibidil le cuideachtaí agus le heagraíochtaí a aontaíonn gan dul i mbun iompair fhrithiomaíoch, agus i roinnt cásanna, a gcuid iompair a athrú chun deireadh a chur le haon dochar iomaíoch, nó
- moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir le hathruithe ar rialacháin fhrithiomaíocha.

Gearáin a réiteach gan chaingean dlí

I gcás formhór mór na ngearán a dhéantar linn, ní bhíonn sárú dhlí na hiomaíochta i gceist, nó réitítear iad go luath gan ghá le caingean dlí.

Tar éis measúnaithe, déantar go leor gearán a réiteach ar na cúiseanna seo

- iarratas ar fhaisnéis atá i gceist leis an ngearán i ndáiríre
- ní bhaineann ábhar an ghearáin le dlí na hiomaíochta,
- eascaíonn an gearán ó ghnó atá ag tabhairt aghaidhe ar iomaíocht dhleathach ina mhargadh áitiúil, nó
- baineann an gearán le praghsanna cosúlacha gan aon fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil comhaontú i bhfeidhm idir na cuideachtaí.

An Clár um Dhíolúine Cairtéal

I measc na bpionós féideartha le haghaidh daoine aonair agus cuideachtaí a dhéanann ciontaí crua cairtéil faoi Acht na hIomaíochta tá fíneálacha agus téarmaí príosún substaintiúla. Féadfaidh daoine aonair agus cuideachtaí atá i mbun gníomhaíochta den sórt sin smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó ionchúiseamh faoin *gClár um Dhíolúine Cairtéal*, a oibrímid i gcomhpháirt leis an DPP. Is féidir tairbhí a bhaint as bheith mar an gcéad chuideachta nó duine aonair chun gníomhaíocht cairtéal a thuairisciú, chun comhoibriú go hiomlán agus chun faisnéis iomlán a thabhairt don Údarás agus don DPP. D'fhéadfadh go seachnódh cuideachtaí nó daoine aonair ionchúiseamh coiriúil dá bharr, go bhfaighidís díolúine ó théarmaí príosúin agus go seachnóidís fíneálacha substaintiúla agus pionóis bhreise mar bheith coiscthe ó sheirbheáil mar oifigeach nó stiúrthóir cuideachta faoi Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Féadfaidh cuideachtaí a ghlacann freagracht iomlán as gníomhartha mídhleathacha a gcuid oifigeach, stiúrthóirí agus fostaithe agus a aontaíonn comhoibriú leis an Údarás Iomaíochta cáiliú le haghaidh díolúine faoin *gClár*. Féadfar díolúine a dheonú ar an gcuideachta agus ar a cuid iarfhostaithe agus fostaithe reatha.

Fiú mura nglacann cuideachta freagracht iomlán as a cuid gníomhartha mídhleathacha, féadfaidh fostaithe, oifigigh agus stiúrthóirí aonair cáiliú le haghaidh díolúine faoin *gClár um Dhíolúine Cairtéal* agus d'fhéadfadh go seachnóidís fíneálacha agus téarmaí príosúin dá bharr sin.

Ba cheart iarratais ar dhíolúine a dhéanamh ar Oifigeach Díolúine an Údaráis Iomaíochta. **Is í an uimhir bheolíne um dhíolúine cairtéal ná 087 7631378.** Tá córas marcóra i bhfeidhm sa *Chlár um Dhíolúine Cairtéal*, trína gcoimeádtar an seasamh díolúine féideartha le haghaidh na chéad duine aonair nó chuideachta a dhéanann iarratas, agus a cheadaíonn do bhaill eile den chairtéal céanna 'scaine a dhéanamh' i gcás nach gcáileodh an chéad duine a dhéanfadh iarratas le haghaidh díolúine. Is féidir tuilleadh eolais faoin *gClár* a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

Tá cosaintí san Acht le haghaidh "sceithirí", daoine a thuairiscíonn sárúithe amhrasta dúinn. Mar shampla, má cheapann tú gur sháraigh cuideachta an tAcht, ní bheidh tú dlite as damáistí má thuairiscíonn tú dúinn é agus má fhaightear nár tharla an cion, ar choinníoll gur ghníomhaigh tú go réasúnta agus le hintinn mhaith. Clúdaíonn an chosaint sin fostaithe chomh maith. Ciallaíonn sé nach bhféadann fostóir pionós a chur ar fhostaí, a thuairiscíonn, le hintinn mhaith, sárú amhrasta ar Acht na hIomaíochta dúinn.

Iomlán na nGearán a Fuair an tÚdarás i 2011	
Iomlán Faighte	212
Réitithe ag an gcéim scagtha	99
Measúnaithe	113
- ar lean	43
- réitithe	70
<p>Conas teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta faoi shárú amhrasta ar an dlí:</p> <p>Foirm ghearáin gréasáin: www.tca.ie/complaints.html Ríomhphost: complaints@tca.ie Guthán: Íosghlao: 1890 220 224 (intl.:+353-1-8045400) Facs: +353-1-8045401 Eile: An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1</p>	

Ár gCuid Oibre a chur in Ord Tosaíochta

I 2011 d'fhoilsíomar Prionsabail um Roghnú agus Thosaíocht Tionscadal. Is í aidhm na bprionsabal ná cabhrú le cinneadh conas a chuirtear obair roghnach – lena n-áirítear gearáin– in ord tosaíochta, de réir chúig phríomhphrionsabail. Ciallaíonn obair roghnach obair a bhfuil sé de chumhacht againn a dhéanamh, ach nach bhfuil sé mar oibleagáid orainn a dhéanamh, faoi bhun an Achta. Is iad na prionsabail ná

- tábhacht na saincheiste nó éifeacht an iompair atá i gceist
- tionchar ghníomh an Údaráis Iomaíochta
- tábhacht gheilleagrach leathan an mhargaidh atá i gceist
- tábhachtach straitéiseach agus
- rioscaí, acmhainní agus costais.

Cuirtear na prionsabail i bhfeidhm freisin nuair a chinnimid cén chásanna nó imscrúduithe ar cheart a shaothrú agus cén réimsí den gheilleagar a ndéanfaimid staidéir mhargaidh orthu.

2. DLÍ NA HIOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ

Is é príomhchuspóir dhlí na hiomaíochta ná tomhaltóirí a chosaint agus tairbhe a thabhairt dóibh, ionas go bhféadann siad earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghas iomaíoch. Ciallaíonn níos mó iomaíochta luach maith ar airgead le haghaidh tomhaltóirí; spreagann sí gnó agus feabhsaíonn sí an geilleagar iomlán. Áit a bhfuil iompar frithiomaíoch ar siúl ag gnóthaí, mar shampla, praghas-shocrú, bíonn ar thomhaltóirí praghsanna níos airde a íoc cé nach mbíonn aon tairbhí breise i gceist agus tagann laghdú ar iomaíocht gheilleagar na hÉireann.

Ar cheann dár bpríomhfheidhmeanna tá dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú agus caingean dlí a thógáil áit a gcreidimid gur briseadh an dlí.

I roinnt cásanna, nuair atáimid den tuairim gur sáraíodh dlí na hiomaíochta, tógaimid cás sibhialta os comhair na gCúirteanna. Dúntar cásanna eile tar éis socraithe ina ndéanann na páirtithe a rinne cion a gcuid iompair fhrithiomaíoch a aithint agus leigheas. I gcás an chuid is mó de chásanna, áfach, dúntar iad tar éis teacht ar an gconclúid go hinmheánach nach bhfuil sárú an Achta i gceist leo.

Áit a bhfuil dóthain fianaise bailithe againn maidir le comhaontuithe cairtéil choiriúil, cuirimid comhad faoin gcás sin ar aghaidh chuig an DPP le haghaidh ciontaithe ar díotáil.

Ag deireadh 2010 bhí sé himscrúdú ar siúl faoi sháruithe coiriúla crua líomhanta ar alt 4. Dúnadh trí cinn de na cásanna sin i 2011. Maidir le dhá cheann de na cásanna sin ní raibh dóthain fianaise ann chun go mbeadh cúis ann le hionchúiseamh a mholadh don DPP. Sa tríú cás (féach thíos faoi Iarnród Éireann) dúnadh an cás tar éis chás cúirte inar éigontaíodh na cosantóirí ó na cúisimh go léir.

I 2010 thuairiscíomar go raibh cás amháin tugtha chun críche agus go raibh comhad seolta chuig an DPP ina raibh ciontú ar díotáil á mholadh. Tá an cás sin fós á bhreithniú ag an DPP.

Osclaíodh ceithre himscrúdú nua i 2011 faoi sháruithe coiriúla crua líomhanta ar alt 4 ag tógáil líon na n-imscrúduithe gníomhacha ag deireadh 2011 go seacht gcinn. Tionscnaíodh ceithre cinn de na seacht gcás sin tar éis iarratais ar dhíolúine faoin *gClár um Dhíolúine Cairtéal*.

Ag deireadh 2011 bhí ceithre himscrúdú sibhialta gníomhacha ar siúl chomh maith le dhá himscrúdú a cuireadh ar fionraí toisc gur ghlac na páirtithe a bhí i gceist gníomhartha príobháideacha. Dúnadh trí cinn de na ceithre himscrúdú sibhialta gníomhacha agus ceann amháin de na himscrúduithe sibhialta a bhí curtha ar fionraí le linn 2011. Ina theannta sin, osclaíodh dhá himscrúdú sibhialta nua le linn 2011, ionas go raibh trí himscrúdú sibhialta gníomhacha ar siúl amhail dheireadh 2011.

Ós rud é go mbíonn sáruithe tromchúiseacha féideartha ar dhlí na hiomaíochta i gceist le cuid dár gcuid fiosrúchán agus go bhféadfadh go n-eascródh trialacha coiriúla ag dáta níos deireanaí as cuid acu, níl sé oiriúnach dúinn trácht poiblí a dhéanamh ar imscrúduithe. Admhaímid, áfach, gur tugadh tuairisc sna meáin faoi dhá chás a bhí á n-imscrúdú i 2011. Baineann na cásanna sin le líomhaintí gníomhaíochtaí frithiomaíocha

- i margadh an bhainne leachtaigh agus

- sna tionscail coinchréite agus stroighne.

Ní féidir tuilleadh sonraí a sholáthar toisc go bhfuil na himscrúduithe fós ar siúl.

Déanann an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú freisin ar go leor cásanna nach bhfuil sárúithe coiriúla crua ar alt 4 den Acht i gceist leo, mar chomhaontuithe ingearacha nó cleachtais chomhbheartaithe a dhéanann iomaíocht a laghdú. Féadfaidh an tÚdarás na cásanna sin a thógáil san Cúirteanna Sibhialta. Mar rogha eile, féadfaimid gealltanais a lorg ó chomhlacht a gcreidimid go bhféadfadh go mbeadh an tAcht á shárú acu. Tugtar cur síos thíos ar roinnt samplaí de sin san alt ina dtugtar cuntas ar ár gcuid ratha maidir le hiompar comhlachais trádála a athrú.

Maidir le halt 5 agus iompar comhlachtaí ceannasacha, bhain an tÚdarás gealltanais amach ó dhá chomhlacht a oibríonn i réimsí éagsúla den gheilleagar. Thug Seirbhísí Iompair Mara gealltanais chun iomaíocht éifeachtach a chinntiú idir gníomhairí loingseoireachta i gcuan Chorcaí. In earnáil na meán, thug RTÉ gealltanais chun leasú a dhéanamh ar an gcaoi a ndíolann siad fógraíocht chun dul i ngleic le hábhair imní a bhí againn faoi éifeacht na fógraíochta ar chraoladh teilifíse. Ba cheart go dtiocfadh feabhas de bharr an athraithe sin ar chumas iomaitheoirí RTÉ dul san iomaíocht leis an gcomhlacht atá faoi úinéireacht an Stáit.

Tar éis an cás BIDS a shocrú, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta nóta treorach faoin gcaoi a bhfuil feidhm ag dlí na hiomaíochta maidir le comhaontuithe chun acmhainn a laghdú i dtionscal. (Féach thíos achoimre ar an gcás BIDS).

I 2011, fuaireamar

- 33 ghearán nua faoi iompar líomhanta i ndáil le cairtéil choiriúla, agus seoladh imscrúdú sonrath mar thoradh ar cheann amháin acu. As na cinn eile, dúnadh 21 díobh i 2011, agus tá 11 fós á measúnú.
- 106 ghearán nua faoi chomhaontuithe frithiomaíocha agus faoi mhí-úsáid ceannasachta, agus dúnadh 92 díobh le linn na bliana.

Cásanna os comhair na gCúirteanna

Beef Industry Development Society

An tÚdarás Iomaíochta-v- Beef Industry Development Society

In Eanáir 2011, tháinig an tÚdarás ar shocrú ina chuid imeachtaí fadtéarmacha i gcoinne an Beef Industry Development Society Limited (cás BIDS). Tagadh ar an socrú sin agus an cás BIDS tarchurtha siar chun na hArd-Chúirte ag an gCúirt Uachtarach tar éis chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh comhaontú idir iomaitheoirí chun acmhainn a laghdú i dtionscal próiseála mairteola na hÉireann toirmiscthe ag Airteagal 101(1) CFAE (féach iar-thuarascálacha bliantúla le haghaidh achoimre ar chás BIDS).

Ar 16 Meitheamh 2011, d'fhoilsigh an tÚdarás Nóta Treorach ar chomhaontuithe chun acmhainní a laghdú (N/11/001). Tugann an Fógra faisnéis faoi chinntí na gcúirteanna éagsúla a bhí rannpháirteach i gcás BIDS agus ar an mbealach sin soláthraíonn sé treoir faoi chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa ar ghnóthaí atá ag smaoineamh ar dhul i mbun comhaontuithe nó aon chineál comhordaithe chun acmhainní a

laghdú i dtionscail faoi leith in Éirinn. Seo a leanas feidhmeanna áirithe an Nóta Treorach

- (i) leagtar amach an comhthéacs dlí agus stairiúil do chomhaontuithe atá dírithe ar acmhainn a laghdú i dtionscail ar leith,
- (ii) cuirtear síos ar phríomhghnéithe chomhaontú BIDS agus tugtar achoimre ar chonclúidí na gcúirteanna a bhí rannpháirteach sna himeachtaí,
- (iii) mínítear éifeacht chás BIDS i dtaobh chur i bhfeidhm alt 4(1) den Acht agus Airteagal 101(1) CFAE ar chomhaontuithe chun acmhainn a laghdú i dtionscail ar leith,
- (iv) tugtar cuntas ar thuairimí an Údaráis faoi chur i bhfeidhm alt 4(5) agus/nó Airteagal 101(3) ar chomhaontuithe frithiomaíocha.

Is é cuspóir an Nóta Treorach ná cabhrú le comhlachtaí measúnú eolasach a dhéanamh ar a gcuid comhaontuithe agus cleachtas ó thaobh dhlí na hiomaíochta. Níl Nótaí Treorach arna bhfoilsíú ag an Údarás ceaptha mar chomhairle dlí. Ní mór do chomhlachtaí measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht a gcuid gníomhartha chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le cibé acu dul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le comhaontú nó cleachtas agus i cibé foirm.

Tá an Nóta Treorach ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.tca.ie.

Iarnród Éireann

DPP -v- John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited

Ar 14 Deireadh Fómhair 2008, thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí achoimre i gCúirt Dúiche Bhaile Átha an Rí i gcoinne John Joe McNicholas ag trádáil mar Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon, agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited i ndáil le praghas-shocrú líomhanta ar thairiscint le haghaidh seirbhísí Ceadaithe fásra ag Iarnród Éireann/Irish Rail.

D'éist an Breitheamh Onórach Cooke leis an gcás sin sa Phríomh-Chúirt Choiriúil idir 19 Bealtaine agus 27 Bealtaine 2011. Sheol an Breitheamh Onórach Cooke an cás chuig an ngiúiré le breithniú a dhéanamh air ar an 27 Bealtaine 2011. Níos deireanaí an lá sin éigiontaíodh gach cosantóir ó gach scór.

Ina dhiaidh sin rinne na cosantóirí iarratas ar chostais. Ar an 20 Nollaig 2011 bhronn an Breitheamh Onórach Cook 50% de na costais a fulaingíodh ar na cosantóirí agus seo a leanas an chonclúid ar tháinig sé uirthi

"Cé gurb é tuairim na Cúirte gur leagadh na cúisimh sin i gceart agus gur tógadh an t-ionchúiseamh go dlíthiúil agus gur stiúradh go cothrom é, measann an Chúirt go dtugann an éagothroime idir an méid ama a tógadh (nach bhfuil na cosantóirí freagrach as ar chor ar bith) chomh maith le foirmiúlacht, strus agus costas triail ghiúiré sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ar thaobh amháin den scéal agus gné bhunúsach na n-imeachtaí ar eascair na cúisimh astu ar an taobh eile den scéal, údar le cleachtadh rogha na Cúirte i dtreo iarratas na gcosantóirí a ghlacadh i bpáirt.

*"Ag féachaint chuig na fachtóirí sin, measann an Chúirt go mbeadh a rogha á chleachtadh go cothrom agus go díreireach aici dá mbronnadh sí 50% de na costais a fulaíngíodh ar na cosantóirí John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire agus Oliver Dixon (Hedge Cutting and Plant Hire) Limited."*³

Cás faoi Ola Téimh

DPP -v- Pat Hegarty

Mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo chuir an tUas. Hegarty sa chás dúshlán faoi dhlíthiúlacht na n-imeachtaí ina choinne ar bhunús na fírice nár eisíodh aon imeachtaí i gcoinne na cuideachta a raibh sé fostaithe aici agus nár ciontaíodh a chuideachta as an gcion líomhanta maidir le dlí na hiomaíochta. Dá bharr sin áitíodh nach bhféadfaí é a chiontú as cion cairtéal líomhanta mura ndéanfaí a fhóstóir (a bhfuil sé líomhanta go raibh sé rannpháirteach sa chairtéal) a chiontú as an gcion ar dtús. Rinne an Chúirt Chuarda é sin a tharchur chuig an gCúirt Chuarda le breithniú ag fiafraí di:

*"Áit a ndéantar duine aonair a ionchúiseamh faoi bhun a. 3(4)(a) den Acht Iomaíochta 1996 [sic]:
(a) cibé acu an féidir breithniú a dhéanamh maidir leis an gceist cibé acu an ndearna an gnóthas ábhartha cion áit nár tionscnaíodh aon ionchúiseamh i gcoinne an ghnóthais, agus
(b) cibé acu an bhfuil sé riachtanach go ndéanfaí an gnóthas a chiontú as cion sula bhféadfaí an duine aonair a chiontú."*

Ar an 28 Iúil 2011 thug an Breitheamh Onórach William M McKechnie ón gCúirt Uachtarach a bhreithiúnas:

*"...Seo a leanas na freagraí a thabharfainn ar na ceisteanna a fiafraíodh sa chás atá sonraithe:-
1) Ceist A: Is féidir;
2) Ceist B: Níl."*⁴

Chun é a rá go simplí ciallaíonn sé sin gur féidir an tUas. Hegarty a thriail fiú áit nach ndearnadh an chuideachta a raibh sé fostaithe aici a ionchúiseamh, gan trácht ar í a chiontú, as cion coiriúil faoin Acht.

Fiosrúcháin Dúnta

Tugadh trí himscrúdú maidir le sárúithe crua líomhanta ar alt 4 den Acht chun críche i 2011. Bhain na himscrúduithe sin le líomhaintí faoi iompar coiriúil ach tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil dóthain fianaise ann chun cúis a thabhairt le comhad a atreorú chuig an DPP.

Seo a leanas rogha de chuid de ghníomhaíocht fhorfheidhmithe an Údaráis agus áirítear leis samplaí d'imscrúdú amháin ar ghníomhaíocht cairtéal líomhanta in earnáil an pheitрил mhiondíola, agus dhá chás ina ndearnadh imscrúdú ar ghníomhaíocht neamhchrúa. Ba cheart a thabhairt faoi deara, nach raibh imscrúduithe coiriúla i gceist leis an dá chás sin. Is féidir cur síos ar

³ Breithiúnas an Breitheamh Onórach Cooke i DPP -v- John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited ar 20 Nollaig 2011 ag alt 36 agus 37.


⁴ Breithiúnas an Breitheamh Onórach William M McKechnie ón gCúirt Uachtarach, i DPP -v- Pat Hegarty dátaithe an 28 Iúil 2011.

ghníomhaíocht chrua agus ghníomhaíocht neamhchrua, de réir thuairim an Údaráis Iomaíochta, a fháil ar leathanach 10 agus 11.

Praghsanna Miondíola Peitрил/Díosail

Le linn 2010 agus 2011 fuair an tÚdarás roinnt gearán neamhspleách ó cheantair éagsúla den tír inar líomhnaíodh iompar cairtéal maidir le praghsanna miondíola peitрилiam agus díosail idir stáisiúin pheitрил áitiúla (féach Figiúr 1).⁵

Figiúr 1: Ionad na ngearán inar líomhnaíodh iompar cairtéal idir miondíoltóirí peitрил



Foinse: an tÚdarás Iomaíochta

Rinne an tÚdarás measúnú sonrath ar na gearáin a chuimsigh

- suirbhéanna praghais a dhéanamh
- monatóireacht a dhéanamh ar phraghsanna
- bualadh le fostaithe na stáisiún peitрил a bhí i gceist agus

⁵ Rinne an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí imscrúdú ar phraghsanna díosail agus peitрилiam i 2008 agus ba í an chonclúid ar tháinig siad uirthi ná "Ar leibhéal náisiúnta tá fianaise láidir le feiceáil sa mhargadh miondíola a thugann le fios go bhfuil iomaíocht ar siúl idir rannpháirtithe. Is é atá i gceist leis an bhfianaise sin ná leibhéal íseal na mbrabús atá déanta ag cuideachtaí ola, líon na stáisiún a dúnadh le blianta beaga anuas agus an bhéim mhéadaithe ar bhrabús a dhéanamh tríd na hasraonta mhiondíola atá ceangailte le stadanna freastail."

- bualadh le bainistíocht shinseartha i dtrí cinn de na príomhchuideachtaí ola miondíola, atá freagrach i dteannta a chéile as thart ar 40% de na stáisiúin pheitрил atá ag oibriú sa Stát.⁶

Nochtadh sna suirbhéanna praghais agus sa phlé leantach le gearánaithe cé gurb amhlaidh go bhféadfadh go leanfadh praghsanna a chéile ar feadh tréimhse ama, nach amhlaidh i gcónaí go leanfadh an patrún sin ar aghaidh go fadtéarmach. Sula dtosaítear imscrúdú coiriúil teastaíonn dóthain fianaise uainn chun tuairim a bheith againn go bhfuil stáisiúin pheitрил nó cuideachtaí eile níos ísle ar an tslabhra soláthair imithe i mbun comhaontuithe praghsála nó go bhfuil cleachtais chomhbheartaithe níos neamhfhoirmiúla ar siúl.

Dearbhaíonn na hagallaimh le mórdhíoltóirí go ndéanann stáisiúin pheitрил faoi úinéireacht cuideachta dlúthmhonatóireacht ar phraghsanna a gcuid iomaitheoirí. Chruthaigh gach cuideachta feasacht dhomhain ar dhlí na hiomaíochta, áfach, agus cé go dtreoraíonn siad dá gcuid fostaithe monatóireacht a dhéanamh ar phraghsanna áitiúla cuireann siad dianchosc ar a gcuid fostaithe ó phraghsanna miondíola a dhéanamh lena gcuid iomaitheoirí. Is í an cheannoifig a shocraíonn praghsanna miondíola peitрил ag na stáisiúin pheitрил sin faoi úinéireacht cuideachta agus socraítear na praghsanna a ghearrtar ag stáisiúin faoi úinéireacht déileálaí neamhspleách ón soláthraí mórdhíola.

Le linn an athbhreithnithe seo níor sholáthair aon ghearánaí fianaise a thabharfadh le fios go raibh comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha foirmiúla nó neamhfhoirmiúla ar siúl idir stáisiúin pheitрил aonair. Sonraíonn an chuid is mó de ghearánaithe go bhfuil praghsanna breosla mótaí mar an gcéanna i roinnt ionad ar fud an Stáit. Ní sháraíonn praghsáil chomhuaineach an tAcht Iomaíochta agus ní hé margadh an bhreosla mótaí amháin a bhfuil sé i bhfeidhm ann. Chuaigh an tÚdarás i ngleic le ceist na praghsála comhuainí nuair a tháinig sé os comhair chruinnithe Chomhchoiste Oireachtais ar 8 Deireadh Fómhair 2008.

"Uaireanta bíonn sé deacair an deighilt idir gnáthiompar iomaíoch agus praghas-shocrú nó cleachtais chomhbheartaithe a shocrú. Mar shampla, ní dhéantar aon dochar nuair a chinneann páirtithe go haontaobhach praghsanna cosúlacha a ghearradh. Feictear an chineál sin praghsála comhuainí i go léir réimsí, go háirithe iad siúd a bhfuil tréithe coitianta acu mar phraghsáil thrédhearcach, táirgí neamhdhifreáilte agus seasmhacht éilimh, agus áit a bhfuil costais agus struchtúir ghnó na ndíoltóirí mar an gcéanna. Toisc go bhfuil go leor de na tréithe sin ag baint le hearnáil an bhreosla mótaí mhiondíola, ní haon ionadh go mbeadh iompar comhuaineach ar siúl ansin."

Bill Prasifka, Cathaoirleach, An tÚdarás Iomaíochta

Níor soláthraíodh aon fhianaise le linn an athbhreithnithe ar ghearáin a rinneadh leis an Údarás maidir le praghsanna peitрил a thabharfadh le fios go bhfuil comhordú mídhleathach praghsanna ar siúl.

RTÉ

Ar 7 Deireadh Fómhair 2011, chuaigh an tÚdarás Iomaíochta i mbun Comhaontuithe agus Gealltanais le Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) tar éis imscrúdaithe i dtaobh scéim an 'mhargadh sciar' arna n-oibriú ag RTÉ sa

⁶ Tá stáisiúin pheitрил féinbhranda freagrach as thart ar 25% agus tá naoi mbranda eile freagrach as an 35% eile.

mhargadh le haghaidh am craolta um fhógraíocht teilifíse sa Stát. Faoin scéim seo, bhí lascaí a deonaíodh d'fhógróirí, i measc fachtóirí eile, ar an gcéatadán (nó an sciar) de bhuiséad iomlán fógraíochta teilifíse gach fógróra a gealladh do RTÉ.

De réir an chásdlí bunaithe, d'fhéadfadh go mbeadh mí-úsáid sheasamh ceannasachta a dhéanann sárú ar alt 5 den Acht Iomaíochta agus/nó Airteagal 102 CFAE i gceist áit a ndéanann comhlacht ceannasach lacáistí sprice a thairiscint agus é mar aidhm aige dílseacht a chothú. Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú agus é mar aidhm aige teacht ar thuairim faoi na ceisteanna seo a leanas: (i) an margadh ábhartha, (ii) cibé acu an raibh seasamh ceannasach ag RTÉ sa mhargadh ábhartha, agus (iii) cibé acu an raibh mí-úsáid sheasamh ceannasachta i gceist leis an margadh sciar.

Ar bhunús na faisnéise a bunaíodh le linn ár n-imscrúdaithe, ba é ár réamhthuairim ná gur cosúil go mbeadh RTÉ ceannasach sa mhargadh le haghaidh fógraíochta teilifíse in Éirinn. Bhíomar den tuairim freisin gurbh é a bhí i gceist leis an scéim margadh sciar ná lacáiste sprice a raibh sé mar aidhm aige dílseacht a chothú agus mar sin go mbeadh sé in ann iomaitheoirí RTÉ a fhoriamh. Chuireamar ár gcuid ábhar imní in iúl do RTÉ, agus mar fhreagra air sin, thug RTÉ gealltanais a bhí sásúil dúinn. Thug RTÉ gealltanais, ach go háirithe, chun tús a chur le scéim trádála nua a chur i bhfeidhm, ceann nach n-áireodh dreasachtaí a bheadh bainteach le sciar bhuiséad fógróra a leithdháileadh d'fhógraíocht trí RTÉ. Chomh maith leis sin thug RTÉ gealltanais chun an scéim nua a chur i bhfeidhm faoin 1 Iúil 2012 ar a dhéanaí. Toisc go ndeachthas i ngleic le hábhair imní an Údaráis leis na gealltanais sin, níorbh ghá dúinn leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú agus mar sin níor tháinigamar ar thuairim dheireanach maidir le baint alt 5 agus/nó Airteagal 102 leis an scéim margadh sciar.

Tá an Cinneadh Forfheidhmithe iomlán ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.tca.ie.

Seirbhísí Iompair Mara

I Nollaig 2011, chuaigh an tÚdarás Iomaíochta i mbun Comhaontaithe agus Gealltanais le Seirbhísí Iompair Mara (MTS) tar éis imscrúdaithe ar a gcuid cleachtas praghsála le haghaidh dhíol seirbhísí múrála trá i gCuan Chorcaí.

Teastaíonn ó gach long a bhuaileann isteach ar phort ar bith seirbhísí an phoirt sin a fháil. Ceapann úinéir nó cairtfhostóir na loinge sin gníomhaire loinge chun na seirbhísí sin a fhosú. Is é ról an ghníomhaire ná conradh a thabhairt do thríú páirtithe chun seirbhísí a sholáthar don long mar sheirbhísí múrála, tuáil srl.

Teastaíonn seirbhísí múrála, .i. cabhair chun an t-árthach a cheangal leis an trá, ó gach long. I ngach cás teastaíonn cúnamh sreangadóir ar an trá ó longa (múrál chladaigh). I roinnt cásanna teastaíonn cúnamh bad ag longa chun an téad a thabhairt don sreangadóir ar an trá (múrál trá).

Is é MTS an t-aon soláthraí sheirbhísí múrála trá i gCuan Chorcaí. Bhain imscrúdú an Údaráis leis an gcaoi a raibh a chuid seirbhísí múrála trá á bpraghsáil ag MTS. Bhí praghas níos airde á ghearradh ag MTS as seirbhísí múrála trá d'úinéirí loinge a raibh gníomhairí loinge neamhspleácha á n-úsáid acu ná mar a bhí nuair a bhain úinéirí loinge úsáid as a chomhchuideachta, James Scott, mar ghníomhaire loinge. Mar gheall ar éifeacht eisiatach fhéideartha an chleachtais sin ar an margadh le haghaidh sheirbhísí gníomhaireachta loinge i gCuan Chorcaí, bhí imní orainn go bhféadfadh go

mbeadh sárú ar alt 5 den Acht Iomaíochta i gceist le cleachtas praghsála MTS le haghaidh sheirbhísí múrála trá.

Chuireamar ár gcuid ábhar inní in iúl do MTS agus tháinig siad gealltanais chun dul i ngleic leo. Ciallaíonn an Comhaontú agus na Gealltanais a fuarthas ó MTS go dtabharfar an déileáil chéanna d'úinéirí agus do chairtghostóirí loinge a bhaineann úsáid as seirbhísí múrála trá MTS laistigh de Phort Chorcaí is cuma má úsáideann siad James Scott nó iomaitheoir eile de chuid James Scott mar ghníomhaire loinge, ach amháin ar chúinsí áit a mbeadh údar oibiachtúil ann le gníomh eile. Chun é a rá i mbeagán focal, foráiltear sa Chomhaontú agus sna Gealltanais go mbeidh aon téarmaí arna dtairiscint ag MTS neamhspleách ón ngníomhaire loinge a roghnófar.

Cásanna Chothabháil Praghsanna Miondíola (CPM)

I rith 2011, fuair an tÚdarás Iomaíochta gealltanais ó roinnt cuideachtaí maidir le líomhaintí faoi chásanna Chothabháil Praghsanna Miondíola (CPM).

Tagraíonn CPM do chomhaontuithe nó do chleachtais chomhbheartaithe a shocraíonn an praghas ar cheart an miondíoltóir earraí nó seirbhísí a dhíol air. Déantar talamh slán de faoi dhlí iomaíochta na hEorpa agus na hÉireann go bhfuil comhaontuithe den sórt sin frithiomaíoch ach más féidir iad a dhlisteanú go hoibiachtúil (rud nach féidir a dhéanamh ach ar chúinsí eisceachtúla).

I measc na dtáirgí a bhí i gceist sna cásanna sin bhí uirlisí cumhachta, ola cócaireachta, agus táirgí cosmaideacha agus áille. Tar éis measúnaithe tosaigh, scríobh an tÚdarás chuig na cuideachtaí a bhí i gceist i ngach cás chun a chuid ábhar inní a leagan amach. Ina dhiaidh sin thug na cuideachtaí sin gealltanais chun dul i ngleic lenár gcuid ábhar inní.

Comhlachais Trádála agus Dlí na hIomaíochta

I rith 2011, rinne an tÚdarás Iomaíochta idirghabháil roinnt uaireanta nuair ba chosúil go raibh comhlachais trádála agus comhlachtaí ionadaí ghairmiúil ag comhordú iompar tráchtála a gcuid ball.

Ag tús mhí na Nollag scríobh an tÚdarás chuig Eagraíocht na gCleachtóirí Dlí Choiriúil maidir le stailc bhagartha líomhanta ag a cuid ball. Déanann Eagraíocht na gCleachtóirí Dlí Choiriúil ionadaíocht ar abhcóidí agus aturnaetha a chleachtann an dlí coiriúil. Bíonn aturnaetha féinhostaithe, comhpháirtíochtaí aturnaetha agus abhcóidí faoi réir dhlí na hiomaíochta. D'fhéadfaí an stailc bhagartha líomhanta, mar fhreagra ar athruithe ar an Scéim um Chúnamh Dlí Choiriúil, a mheas mar chinneadh nó cleachtas comhbheartaithe ag comhlachas gnóthas, agus dá bharr sin, d'fhéadfadh go mbeadh sárú ar dhlí na hiomaíochta i gceist léi. Fuaireamar freagra a thug le fios nach raibh baint ag an stailc bhagartha le táillí; leanaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an staid, áfach, i dteannta leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Níos déanaí i mí na Nollag 2011 rinne an tÚdarás teagmháil le Cumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann (IPOA) maidir lena mholadh dá chuid ball gur cheart dóibh na Muirir Teaghlaigh agus Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ACPNP) a chur ar aghaidh go tionóntaí. Chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl don IPOA go bhféadfadh go mbeadh dlí na hiomaíochta á shárú leis an gcineál gnímh chomhbheartaithe sin ag a cuid ball. Mar fhreagra, d'eisigh an IPOA soiléiriú inar sonraíodh gur ábhar le haghaidh tiarnaí talún aonair agus a chuid tionóntaí é praghsáil agus tharraing siad siar an moladh a rinne siad dá chuid ball roimhe sin. Ní mór ligean do thionóntaí a

gcuid socruithe a chaibidil le tiarnaí talún ar bhonn aonair gan aon chur isteach ó chomhlachas trádála tiarnaí talún.

Chomh maith leis sin, i mí na Nollag 2011, rinne an tÚdarás teagmháil le Cumann Bialann na hÉireann (RAI) maidir lena moladh dealraitheach go ngearrfadh bialanna éarlais €10 in aghaidh an duine le haghaidh áirithintí chun líon agus tionchar na n-asláithreachtaí a láimhseáil. Cé go dtuigeann an tÚdarás Iomaíochta go bhféadfadh go mbeadh tionchar dochrach ag asláithreachtaí ar bhialanna, ábhar imní ab ea sonrú táille ar leithligh le haghaidh éarlaise. Níor cheart go mbeadh gnóthaí iomaíocha ag comhordú maidir le haon ghné de phraghsáil, bíodh gurb é comhordú díreach nó comhordú trí chomhlachas trádála atá i gceist. Mar fhreagra ar ár gcuid ábhar imní, áfach, shoiléirigh an RAI dá chuid ball go raibh sé de rogha ag gach bialann gach cinneadh tráchtála a dhéanamh go neamhspleách.

Aighneacht faoi Choireacht an Bhóna Bháin

Ag tús 2011, rinne an tÚdarás Iomaíochta aighneacht shubstaintiúil do Pháipéar Bán, Doiciméad Uimh. 3 'Organised and White Collar Crime' de chuid an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Chuir ár gcuid oibre sa réimse sin, i dteannta lenár dtaithí agus ár gcuid ratha maidir le coireacht an Bhóna Bháin a chomhrac, leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2011. Faoi alt 3(2) den Acht sin, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt a shonrú trí hOrdú, gur féidir ciontaí iomaíochta inghabhála a mheas mar chiontaí ábhartha chun críocha an Achta sin.

Aighneacht faoi Chomhshásamh

In Aibreán 2011, rinne an tÚdarás Iomaíochta aighneacht shubstaintiúil do Chomhairliúchán Poiblí an Choimisiúin Eorpaigh: 'Towards a Coherent European Approach to Collective Redress.' Dhéileáil ár n-Aighneacht ar Chomhshásamh le ceist an dochair don tomhaltóir áit a bhfulaingíonn tomhaltóirí aonair cailteanais bheaga mar thoradh ar ghníomhaíocht fhrithiomaíoch ach nach bhfuil aon bhealach acu le cúiteamh a fháil. (Nuair a thógtar mar ghrúpa iad, is minic a dtagraítear dóibh mar "aicme".) Is ionann an aighneacht agus sampla de shineirgí idir an tÚdarás agus an NCA toisc go ndearna an NCA aighneacht chosúlach maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin céanna.

San aighneacht, rinne an tÚdarás roinnt moltaí lenár áiríodh iad siúd a leanas:

- go molfadh an Coimisiún íoschaighdeáin chomhshásaimh i gcásanna iomaíochta agus tomhaltóra (trí mheán Treorach),
- go gcuirfí ar chumas duine aonair ainmnithe nó comhlacht ionadaíoch ainmnithe caingne comhshásaimh a thógáil thar ceann na haicme i gcásanna áit a ndearnadh dochar do thomhaltóirí,
- gur cheart go dtógfadh FBM ainmnithe seachas comhlachas trádála (nó comhlacht ionadaíoch) caingne le haghaidh comhshásaimh i gcásanna áit a ndearnadh dochar do FBManna,
- go dtabharfaí comhshásamh trí mheán chaingean 'rogha an diúltaithe', próiseas níos éasca,

- go dtógfaí caingne comhshásaimh os comhair na gcúirteanna i mBallstáit, seachas GNTanna nó údaráis phoiblí eile,
- go dtabharfaí an rogha do na cúirteanna iontaobhas nó ciste a chruthú trína bhféadfaí damáistí a leithdháileadh, agus
- go scrúdófaí ceisteanna maidir le cistiú na dlíthíochta.

An Bille Iomaíochta (Leasú) 2012

I rith 2011, chabhraigh an tÚdarás leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta leis an mBille Iomaíochta (Leasú) 2012 a dhréachtú. Dréachtaíodh an Bille Leasaithe chun críocha dul i ngleic le saincheisteanna áirithe a tháinig chun cinn maidir le forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta, idir forfheidhmiú poiblí ag an Údarás, agus forfheidhmiú príobháideach ag páirtithe díobháilaithe mar thomhaltóirí. Seo a leanas príomhghnéithe an Bhille:

- ní cheadaíonn sé cur i bhfeidhm an Achta um Promhadh Ciontóirí a thuilleadh
- méadaíonn sé smachtbhannaí i gcásanna coiriúla, go háirithe an smachtbhanna príosúnachta atá le hardú ó uasfhad de chúig bliana go deich mbliana le haghaidh duine aonair a chiontaítear ar díotáil,
- cheadaíonn sé don chúirt ordú do dhuine ciontaithe na costais a íoc as an gcoir a imscrúdú,
- roinneann sé na codanna poiblí agus príobháideacha d'fhorfheidhmiú sibhialta an Achta,
- ciallaíonn sé gur féidir Ordú Cúirte a dhéanamh de ghealltanais arna dtabhairt don Údarás Iomaíochais,
- tugann sé isteach *Res Judicata* chun cabhrú le caingne leantacha ag an lucht dlí príobháideach, agus
- leasaíonn sé Acht na gCuideachtaí chun ceadú don Údarás Iomaíochta iarratas a dhéanamh ar an gCúirt in imeachtaí sibhialta chun cur faoi deara stiúrtóir a dhícháiliú.

Athbhreithniú ar an gClár um Dhíolúine Cairtéal

I 2010, rinneamar athbhreithniú ar an gClár um Dhíolúine Cairtéal chun cinntiú go léiríonn sé fós an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Áirítear leis sin foilsíú páipéir chomhairliúcháin le hathbhreithnithe molta ar an gClár.

I bhfianaise na n-aighneachtaí a fuairamar, mholamar athbhreithnithe ar an gClár agus thugamar don DPP é le breithniú. Táthar ag súil go bhfoilseofar an clár athbhreithnithe ag tús 2012.

Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe

Faoin Acht Iomaíochta, tá cumhachtaí fairsinge againn le húsáid inár gcuid oibre forfheidhmithe. Cuireann na cumhachtaí sin ar ár gcumas faisnéis a fháil áit nach cosúil go gcuirfead ar fáil í go deonach, nó gur diúltaíodh í cheana féin.

Forghníomhaíodh aon bharántas cuardaigh amháin i 2011. Rinneadh an cuardach ar an 13 Bealtaine 2011 ag ceanncheathrú Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann mar chuid d'imscrúdú leanúnach ag an Údarás ar phraghas-shocrú féideartha i margadh an bhainne leachtaigh agus tar éis tarlúintí de chur isteach ag grúpaí feirmeoirí ar ghnáthgnó ag roinnt asraonta miondíola.

Tábla 1: Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe	Cur síos
Cineálacha imscrúduithe a dhéantar	<ul style="list-style-type: none"> • Imscrúduithe coiriúla • Imscrúduithe sibhialta • Measúnú ar chumaisc • Staidéir fhoirmiúla
An chumhacht iontráil agus cuardach a dhéanamh	Féadann oifigigh údaraithe aon áitreabh nó teaghais a iontráil nó a chuardach le barántas arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche
An chumhacht doiciméid agus taifid a urghabháil trí bharántas	Féadann Oifigigh Údaraithe doiciméid/taifid a urghabháil agus barántas acu arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche
An chumhacht finnétithe a ghairm agus cur ar fáil taifead agus faisnéise a éileamh	<p>Féadann an t-Údarás Iomaíochta finné a ghairm le scrúdú faoi mhionn agus cur ar fáil taifead agus faisnéise ón bhfinné sin a éileamh</p> <p>Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag finnétithe agus atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte</p> <p>Cion coiriúil atá i neamhchomhlíonadh</p>

Tábla 2: Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe i 2011

Cumhacht Fhorfheidhmithe	2011
Barántais Chuardaigh	1
Toghairmeacha	4

Tábla 3: Pionóis agus Leigheasanna

Uasleibhéal na bhfíneálacha & na bpionós	<p>Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) - €4 mhilliún nó 10% den láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó suas go cúig bliana i bpríosún</p> <p>Coiriúil (achomre sa Chúirt Dúiche) - €3,000 agus/nó suas go sé mhí i bpríosún</p>
--	--

	<p>Caingean Sibhialta (ag an Údarás Iomaíochta) – Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach in ionad fíneálacha</p> <p>Caingean Sibhialta (ag páirtithe díobháilaithe) – Damáistí de réir rogha na Cúirte Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach</p>
--	---

3. MEASÚNÚ AR CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA

Is gnách gur meicníocht iad cumaisc agus éadálacha (cumaisc) a úsáideann gnóthaí chun athstruchtúrá a dhéanamh chun dul san iomaíocht agus bheith rathúil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag roinnt cumasc ar leas an tomhaltóra, áfach, toisc go bhféadfadh, mar shampla, go dtiocfadh méadú ar phraghsanna nó laghdú ar aschur dá mbarr. Is é sin le rá ná go ndéanann siad iomaíocht a laghdú go substaintiúil agus gurb iad tomhaltóirí, lena n-áirítear gnóthaí, a bhíonn thíos leis.

Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc os cionn taircí airgeadais áirithe. Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc áirithe lena n-áirítear gnóthaí meáin, is cuma faoina láimhdeachas. Bíonn sé mar aidhm i gcónaí a chinntiú go ndéanaimid athbhreithniú ar chumaisc go tráthúil ionas nach gcuirtear moill le deachumaisc. Ag an am céanna, cosnaímid leas tomhaltóirí agus tá sé chumhacht againn cumaisc a chosc áit a bhfaighimid go dtiocfaidh laghdú substaintiúil ar iomaíocht dá mbarr.

I 2011, rinne an tÚdarás cinneadh faoi 42 chumasc a raibh 6 cinn acu tugtha anonn ó 2010. Tháinig laghdú ar líon na gcumasc agus na n-éadálacha ar tugadh fógra dúinn fúthu i 2011 (40) i gcomparáid le 2010 (46). Tháinig laghdú freisin ar líon na gcumasc meáin ar tugadh fógra dúinn fúthu i 2011 (5) i gcomparáid le 2010 (8).

Foráiltear san Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 (An tAcht FCTA) nach mór fógra a thabhairt don Aire Airgeadais seachas don Údarás Iomaíochta faoi roinnt cumasc beartaithe áit a bhfuil forais chreidmheasa i gceist⁷. Den chéad uair, ar 8 Meitheamh 2011, tugadh fógra faoi chumasc faoin reacht sin don Aire⁸ - éadail rialaithe aonair Chumann Foirgníochta EBS ag Bainc-Aontas Éireann Teoranta. Ina dhiaidh sin, ar 9 Meitheamh 2011 d'iarr an tAire Airgeadais tuairimí an Údaráis faoin idirbheart beartaithe. Chuir an tÚdarás a chuid tuairimí faoin idirbheart sin i láthair don Aire Airgeadais ar 17 Meitheamh 2011 tar éis comhairliúchán leis na páirtithe fógartha, leis an Roinn Airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tugtar cur síos níos leithne ar na tuairimí sin thíos.

Scrúdaíonn Rannán na gCumasc cumaisc ar tugadh fógra don Údarás fúthu le cúnamh ó rannáin eile. Dá dtiocfadh méadú ar líon na gcumasc a thabharfaí fúthu i 2012 bheadh air brath níos mó ar rannáin eile le haghaidh cúnamh. D'fhéadfadh go gcruthódh sé sin deacrachtaí le haghaidh rannán eile de chuid an Údaráis agus iad ag iarraidh a gcuid feidhmeanna lárnacha féin a chomhlíonadh. Mar thoradh ar shrianta ar acmhainní laistigh de Rannán na gCumasc, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair don Údarás tús áite a thabhairt d'athbhreithniú sceidealaithe ar a chuid nósanna imeachta seachtracha agus inmheánacha um chumaisc.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag iarraidh feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht chóras athbhreithnithe cumasc na hÉireann, áfach, agus soláthróidh sé treoir do chleachtóirí, do Ranna Rialtais agus do thionscal.


Fógraí faoi Chumaisc le linn 2011

⁷ Baineann an ceanglas sin le forais chreidmheasa a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach in alt 7(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008. Mar sin ní chuirtear deireadh, le hAcht 2008, le dlínse an Údaráis Iomaíochta le haghaidh cumaisc forais chreidmheasa *per se*.

⁸ Féach <<http://www.finance.gov.ie/viewdoc.asp?DocID=6883>>

Soláthraíonn Figiúr 2 thíos comparáid idir líon na bhfógraí faoi chumaisc a fuair an tÚdarás i ngach ceann de na blianta 2008, 2009, 2010 agus 2011.

Figiúr 2: Comparáidí míosúla idir fógraí cumaisc a fuarthas le haghaidh na tréimhse 2008 go 2011



Cuimsíonn **Aguisín B** liosta iomlán de na cumaisc ar tugadh fógra don Údarás fúthu i 2011. Tugadh fógra faoi 40 cumasc don Údarás i 2011 i gcomparáid le 46 i 2010. Leagtar béim ar na pointí seo a leanas maidir le 2011:

- Tharla cuid mhór de na cumaisc a scrúdaíodh in earnálacha an bhia agus na grósaeireachta agus ba iad na hearnálacha ba mhó ar tharla cumaisc iontu ina dhiaidh siúd ná seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht na faisnéise agus na meáin chumarsáide.
- Thug an tÚdarás a scrúdú chun críche ar shé hidirbheart ar tugadh fógra fúthu i 2010 agus ar shínigh a gcuid spriocdhátaí go 2011. I gceann amháin de na cásanna sin, chinn an tÚdarás, in Eanáir 2011, imscrúdú iomlán (céim 2) a dhéanamh.
- Rinneadh anailís ar na hidirbhearta go léir laistigh den tréimhse ama reachtúil.
- Eisíodh 10 n-Éileamh le haghaidh Tuilleadh Faisnéise maidir le scrúdú 5 chumaisc.
- Ceadaíodh 36 de na 40 fógra cumaisc a fuarthas i rith 2011 le linn an imscrúdaithe tosaigh (Céim 1), laistigh d'aon mhí fhéilire amháin de ghnáth.
- Tugadh ceithre fhógra cumaisc ar aghaidh go 2012.

Tugtar staitisticí níos sonraí in **Aguisín C** faoi chumaisc a scrúdaíodh idir 2009 agus 2011.

Cumaisc agus Imscrúdú a bhfuil Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag Teastáil Dóibh

Ní mór don Údarás imscrúdú sonrath (céim 2) a dhéanamh ar idirbheart más amhlaidh tar éis réamhimscrúdaithe (céim 1) nach raibh sé in ann teacht ar an gconclúid nach ndéanadh an t-idirbheart "iomaíocht a laghdú go substaintiúil". I 2011, thionscnaíomar imscrúdú amháin céim 2 a gcuirtear síos air thíos maidir le fógra faoi chumasc a fuarthas i 2010.

M/10/043 - Stena/DFDS

Ar 17 Nollaig 2010, tugadh fógra don Údarás Iomaíochta faoi éadail Stena AB (Stena), trína fhochoimplacht Stena Line (UK) Limited, ar rialú aonair ártach, sócmhainní bainteacha, fardail, fostaithe agus conarthaí maidir le seirbhísí paisinéara agus bhád fartha lastais arna n-oibriú ag DFDS A/S (DFDS) idir Béal Feirste agus Heysham agus idir Béal Feirste agus Learpholl. Tugadh scrúdú an cháis sin ar aghaidh go 2011 agus ar 14 Eanáir 2011 chinn an tÚdarás bogadh ar aghaidh go himscrúdú céim 2.⁹

Ar an 21 Nollaig 2010 chuir an tÚdarás in iúl do na páirtithe i scríbhinn (i) gur sáraíodh alt 19(1) den Acht Iomaíochta 2002 toisc gur cuireadh an éadail i bhfeidhm sula bhfuarthas cead ón Údarás Iomaíochta (ii) go raibh an éadail ar neamhní, faoi alt 19(2) den Acht. Chomh maith leis sin d'éisigh an tÚdarás preaseisúint ar an lá céanna ag sonrú gur sáraíodh Alt 19 den Acht agus go raibh an éadail ar neamhní. Ina dhiaidh sin rinne an tÚdarás measúnú ar an idirbheart fógartha mar idirbheart beartaithe de réir an Achta.

Tar éis an fógra a fháil, ar an 24 Nollaig 2010, chuir Stena deireadh lena chuid seirbhísí bád fartha idir Larne agus Fleetwood. Freisin tar éis an fógra a fháil ar 13 Eanáir 2011 chuir DFDS deireadh lena chuid seirbhísí bád fartha idir Baile Átha Cliath agus Learpholl.

Ar an 14 Eanáir 2011 chinn an tÚdarás bogadh ar aghaidh go himscrúdú níos déine céim 2 a d'áirigh breithniú cibé acu an raibh na cinntí thuas ag Stena agus DFDS mar chodanna lárnacha d'idirbheart níos mó (.i. ag cuimsiú níos mó ná an t-idirbheart mar a tugadh fógra faoi). D'áirigh an t-imscrúdú teagmháil leanúnach leis an páirtithe agus tuairimí tríú páirtithe a fháil, iomaitheoirí agus custaiméirí Stena agus/nó DFDS ach go háirithe.

Ar an 7 Aibreán 2011, tháinig an tÚdarás ar an tuairim nach ndéanadh an t-idirbheart laghdú substaintiúil ar iomaíocht in aon mhargadh le haghaidh earraí nó seirbhísí sa Stát agus go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid seo a leanas, ach go háirithe:

- Nach ndéanadh éadail bealaí DFDS idir Béal Feirste agus Heysham agus idir Béal Feirste agus Learpholl ag Stena laghdú substaintiúil ar iomaíocht in aon mhargadh le haghaidh earraí agus seirbhísí sa Stát.
- Go bhfuil feidhm ag an gconclúid thuas is cuma faoi chinneadh Stena deireadh a chur lena chuid seirbhísí bád fartha idir Larne agus Fleetwood agus is cuma cibé acu an bhfuil an cinneadh deireadh a chur le seirbhísí bád fartha idir Larne agus Fleetwood

⁹ Rinneadh an cumasc a athbhreithniú freisin ag an Office of Fair Trading sa RA agus ina dhiaidh sin rinneadh é a atreorú don UK Competition Commission a d'fhógair ar 29 Iúil 2011 go raibh an cumasc Ceadaithe aige. Féach <http://www.competition-commission.org.uk/press_rel/2011/june/pdf/34-11_CC_clears_ferry_acquisition.pdf>.

mar chuid lárnach d'idirbheart níos mó (lena n-áirítear an t-idirbheart ar tugadh fógra faoi).¹⁰

- Gur cinneadh ar leithligh a bhí i gcinneadh DFDS deireadh a chur lena chuid seirbhísí bád fartha idir Baile Átha Cliath agus Learpholl, .i. nach raibh sé mar chuid lárnach d'idirbheart níos mó (lena n-áirítear an t-idirbheart ar tugadh fógra faoi).
- Is mó is cosúil go n-imeodh DFDS óna chuid bealaí idir Baile Átha Cliath agus Learpholl, is cuma cé acu gur éiligh nó nár éiligh Stena bealaí DFDS idir Béal Feirste agus Heysham agus idir Béal Feirste agus Learpholl. Mar sin ní eascródh aon iomaíocht ar bhealaí idir Baile Átha Cliath agus Learpholl ó éadáil bhealaí DFDS idir Béal Feirste agus Heysham agus Béal Feirste agus Learpholl ag Stena.
- Ní bhfuair an tÚdarás aon fhianaise a thabharfadh tacaíocht do theoiric dochair nó iompair chomhordaithe ag na páirtithe, nó ag na páirtithe agus na tríú páirtithe, maidir le críochnú sheirbhís bád fartha DFDS ar a chuid bealaí idir Baile Átha Cliath agus Learpholl.
- Ní bhfuair an tÚdarás aon fhianaise a thabharfadh tacaíocht do theoiric dochair nó iompair chomhordaithe ag na páirtithe, nó ag na páirtithe agus tríú páirtithe, maidir le haon arduithe praghais iarbhír nó ionchais le haghaidh sheirbhísí lastais.

Imscrúduithe Cumaisc Leathnaithe Céim 1 – Éilimh ar Fhaisnéis

Féadann an tÚdarás Éileamh ar Thuilleadh Faisnéise (ÉTF) a eisiúint ar aon pháirtí amháin nó níos mó ar chumasc chun faisnéis a fháil a chabhróidh linn cumasc a scrúdú. Féadfar ETF a úsáid, mar shampla, chun faisnéis níos sonraí a fháil faoi ghníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe, faoi chinntí na bpáirtithe maidir leis an idirbheart, faoin bpróiseas idirbheart, faisnéis thurgnamhach maidir le sciar margaidh, nó sonraí mar phraghsanna. Braitheann nádúr beacht aon ETF ar leith ar chineál agus mhéid na faisnéise atá ag teastáil ón Údarás.

Éilíonn ETF ar pháirtithe freagra a thabhairt laistigh d'amfhráma sonraithe. Le linn tréimhse céim 1, is í an éifeacht a bhíonn ag ETF ná an dáta oiriúnach a athrú agus spriocdháta céim 1 dá bharr. (Is é an 'dáta oiriúnach' ná dáta tosaigh an amfhráma le haghaidh chinntí chéim 1 agus céim 2). Leis an ETF stadtar an clog agus ní thosaíonn an clog arís go bhfaighimid an fhaisnéis a iarradh. Mar chodarsnacht, ní athraítear spriocdháta céim 2 nuair a eisítear ETF.

I 2011, eisíodh 10 ETF foirmiúla i 5 chás cumaisc.¹¹ Tugadh aon chás amháin ar aghaidh go 2012 agus ceadaíodh na ceithre chás eile i gcéim 1 tar éis imscrúdaithe leathnaithe a bhí ar siúl idir dhá agus trí mhí ar an meán. Pléitear dhá cheann de na cásanna sin thíos.

M/11/005 – JD Sports/Champion Sports

¹⁰ Chuige sin seo a leanas an trácht a rinne an UK Office of Fair Trading in alt 156 dá Chinneadh ar 8 Feabhra 2011 "Ar bhunús na fianaise a bhí ar fáil dó, níor cuireadh ina luí ar an OFT, de réir an chaighdeáin ábhartha, nach raibh tionchar ag éadáil fhéideartha na mbealaí sprice bealach Fleetwood-Larne a dhúnadh" Féach alt 165 de <http://www.oft.gov.uk/shared_of/mergers_ea02/2011/Stena.pdf>.

¹¹ M/11/001 – Greencore/Northern Foods; M/11/004 – Glanbia/Dawn Dairies agus Golden Vale Dairies; M/11/005 – JD Sports/Champion Sports; M/11/022 – Musgrave/Superquinn; agus, M/11/037 – Connacht Gold/Donegal Creameries. Féach <http://www.tca.ie/EN/Mergers--Acquisitions/Merger-Notifications.aspx> le haghaidh tuilleadh sonraí.

Thug na páirtithe fógra faoin idirbheart sin ar an 25 Eanáir 2011. Cheadaigh an tÚdarás an t-idirbheart ar an 30 Márta 2011 tar éis imscrúdaithe dhian, a d'áirigh tuairimí tríú páirtithe a fháil chomh maith le tuilleadh faisnéise a fháil ó na páirtithe.

Scrúdaigh an tÚdarás tionchar iomaíoch cosúlach an idirbhirt in dá mhargadh táirge:

- Díolachán miondíola éadaí spóirt brandáilte
- Díolachán miondíola coisbheart spóirt brandáilte

Scrúdaigh an tÚdarás tionchar iomaíoch cosúlach an idirbhirt sa dá cheantar geografacha:

- Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chuimsíonn Lárchathair Bhaile Átha Cliath, Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life agus Ionad Bhaile Bhlainséir
- Ceantar an Droichid Nua a chuimsíonn Ionad an Uisce Bháin agus asraonta siopadóireachta laistigh de d'am tiomána de thart ar 20 nóiméad uaidh

Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár ardaigh an t-idirbheart ann féin aon ábhair imní maidir le hiomaíocht sna margaí atá liostaithe thuas.

M/11/022 – Musgrave/Superquinn

Thug na páirtithe fógra faoin idirbheart ar an 21 Iúil 2011. Cheadaigh an tÚdarás an t-idirbheart ar an 28 Meán Fómhair 2011 tar éis imscrúdaithe fhairsing a chuimsigh taighde deisce, teagmháil leanúnach leis na páirtithe, tuairimí soláthraithe agus iomaitheoirí a fháil, agus cigireachtaí ar an láthair ar mhargaí áitiúla a rachadh an t-idirbheart i bhfeidhm orthu.

Le linn ár n-imscrúdaithe scrúdaíomar ceithre fhadhb fhéideartha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar an idirbheart:

- An mbeadh an t-aonán nua in ann praghsanna a ardú is cuma faoi fhreagra a chuid iomaitheoirí agus custaiméirí?
- An mbeadh ar chustaiméirí dul i ngleic le praghsanna níos airde agus/nó aschur laghdaithe mar thoradh ar ghníomhartha an aonáin nua agus a chuid iomaitheoirí?
- An bhféadfadh go mbeadh an margadh á úsáid ag Musgrave mar straitéis chun iomaitheoir nua a dhímholadh ón margadh a iontráil?
- An bhféadfadh go gciallódh an margadh go bhféadfadh an t-aonán cumaiscthe téarmaí níos fearr a bhrú ar sholáthraithe, agus dá bharr sin go ndéanfaidís idirdhealú praghais i gcoinne miondíoltóirí beaga, agus go ndéanfaí dochar do thomhaltóirí go fadtéarmach?

Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach n-eascródh na fadhbanna a aithníodh ón idirbheart.

An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 – Comhairle curtha ar fáil don Aire faoi alt 7

An tAcht FCTA /11/001 – AIB/EBS

Faoi alt 7(7) den Acht FCTA, féadfaidh an tAire Airgeadais a iarraidh ar an Údarás aon chomhairle, fhaisnéis agus chúnamh a chur ar fáil dó a theastaíonn uaidh go réasúnta chun críocha cinneadh a dhéanamh faoi fhógra faoin Acht FCTA.

Ar an 9 Meitheamh 2011, d'iarr an tAire Airgeadais tuairimí an Údaráis faoin 15 Meitheamh 2011 faoin idirbheart beartaithe áit a bhfaigheadh Bainc-Aontas Éireann ceannas aonair ar Chumann Foirgníochta EBS. Ina dhiaidh sin síneadh an spriocdháta sin faoi dhá lá go dtí an 17 Meitheamh 2011.

Bhí na tuairimí a chuir an tÚdarás in iúl bunaithe go príomha ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ag na páirtithe, AIB agus EBS, sa chomhfhógra a chuir siad faoi bhráid an Aire Airgeadais ar an 8 Meitheamh 2011. Bhí an tÚdarás ag brath freisin ar an bhfaisnéis a chuir an Roinn Airgeadais ar fáil dó ar an 23 Bealtaine 2011, go háirithe maidir leis ngné fhrithfhíorasach ábhartha (.i. cad a tharlódh in éagmais éadail bheartaithe Chumann Foirgníochta EBS ag Bainc-Aontas Éireann cpt.). Áit a bhaineann, tharraingíomar aird freisin ar an taithí a bhí againn roimhe sin ar athbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc a raibh an earnáil seirbhísí airgeadais i gceist leo. Mar gheall ar an bpráinne a bhí ag baint le soláthar na dtuairimí sin, ní rabhamar in ann ár gcuid fiosrúchán margaidh féin a dhéanamh ar an idirbheart beartaithe.

Ar bhunús na faisnéise a cuireadh ar fáil ag an Roinn Airgeadais, agus, in éagmais aon fhianaise dá mhalairt, tháingamar ar an gconclúid seo a leanas:

- Sa Stát, ní cosúil go dtiocfaidh aon ábhair imní maidir le hiomaíocht chun cinn mar thoradh ar an idirbheart beartaithe maidir le leithdháileadh árachais, leithdháileadh cistí frithpháirteacha, cártaí íocaíochta agus deighleoga margaidh cuntas coigiltis.
- Níl sé ar chumas ag an Údarás teacht ar an gconclúid maidir le cibé an dtiocfadh nó nach dtiocfadh ábhair imní faoi iomaíocht chun cinn mar thoradh ar an idirbheart beartaithe maidir le deighleog mhargaidh na morgáistí.
- Rinne an tÚdarás breithniú ar an gceist cibé acu an bhfuil feidhm ag argóint an chomhlachta teipthe maidir le EBS chun críocha athbhreithniú a dhéanamh ar éadail bheartaithe Chumann Foirgníochta EBS ag Bainc-Aontas Éireann cpt agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil fianaise láidir ann chun tacú leis an argóint gur comhlacht teipthe é EBS.

Cheadaigh an tAire Airgeadais an t-idirbheart ar an 27 Meitheamh 2011 ar an mbunús nach ndéanfadh an t-idirbheart laghdú substaintiúil ar iomaíocht i margadh baincéireachta na hÉireann. Dar leis an Aire, is é bunús na tuairime sin ná "nach bhfuil aon rogha eile réalaíoch ann a chinnteodh go gcaomhnófaí iomaíocht ó EBS".¹²

Cumaisc a bhfuil gnóthaí meáin rannpháirteach iontu

San Acht Iomaíochta 2002 tógtar san áireamh an seans go bhféadfadh go ndéanfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cumasc meáin a cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta ar bhunús iomaíochta tar éis imscrúdaithe iomláin, a chosc fós ar bhunús leas an phobail. Soláthraíonn Tábla 1 achoimre de na 5 chumasc meáin ar tugadh fógra fúthu i 2011.

Tábla 4: Cumaisc Mheáin ar Tugadh Fógra Fúthu i 2011

Fógra	An Earnáil	Dáta an	Stádas	Faighte
--------------	-------------------	----------------	---------------	----------------

¹² Féach <<http://www.finance.gov.ie/viewdoc.asp?DocID=6907&CatID>>.

	Eacnamaíochta	Fhógra		
M/11/024 – Acromas/Allied Healthcare	Home Health Care	04/08/2011	Ceadaithe (Céim 1)	Allied Healthcare International
M/11/027 – Scripps/UKTV	Craoladh teilifíse	19/08/2011	Ceadaithe (Céim 1)	50% i ngach ceann de UK Channel Management Limited, UK Gold Holdings Limited agus UKTV New Ventures Limited
M/11/036 – Neamhspleách/ GrabOne	Earnáil na meán digiteach agus foilsitheoireacht nuachtán	26/10/2011	Ceadaithe (Céim 1)	GrabOne Investments Limited
M/11/039 – RTÉ/TG4	Craoladh teilifíse	07/12/2011	Tuilleadh faisnéise iarrtha (Céim 1)	Teilifís na Gaeilge
M/11/039 – TDL Media/DCPL/Setanta	Craoladh teilifíse	12/12/2011	Ceadaithe (Céim 1)	Setanta Sports Broadcasting Limited

Níorbh chosúil go ndéanadh aon cheann de na cumaisc a ceadaíodh i 2011 iomaíocht a laghdú. Ní dhearna an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta aon ordú i rith 2011 chun imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi alt 22 den Acht Iomaíochta 2002 nó chun cur i bhfeidhm chumasc meáin a chosc.

Cás Kerry Breeo

I 2010, rinneamar iarratas ar éisteacht tosaíochta ag an gCúirt Uachtarach i gcás Kerry/Breeo. Níor deonaíodh an t-iarratas sin agus táthar fós ag feitheamh le dáta éisteachta don chás.

Treoirínite maidir le Cumaisc

Tá an tÚdarás Iomaíochta ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a chuid treoirínite reatha maidir le cumaisc, *Notice in respect of Guidelines for Merger Analysis, Decision No. N/02/05*, a foilsíodh i mí na Nollag 2002. Tá sé ag tógáil níos faide ná mar a ceapadh ar dtús chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh mar thoradh ar roinnt fachtóirí, ba í an fhachtóir ba shuntasáí ná láimhdeachas na mball foirne ar leibhéal Comhalta le bliain anuas agus riachtanais oibre eile. Ar an 3 Nollaig 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad comhairliúcháin phoiblí ar threoirínite maidir le hanailís ar chumaisc a d'iarr aighneachtaí faoin 31 Eanáir 2011. Fuair an tÚdarás seacht n-aighneacht san iomlán mar fhreagra ar a dhoiciméad comhairliúcháin. Tá sé ar intinn againn dréacht-threoirínite athbhreithnithe maidir le cumaisc a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i 2012.

Nósanna Imeachta maidir le Cumasc in Éirinn (An tAcht Iomaíochta 2002)

Tástáil Chumasc: Laghdú substaintiúil na hiomaíochta

Is í an tástáil a úsáidtear chun cinneadh cibé acu ar cheart cumasc a cheadú ná cibé an ndéanfaidh sé "iomaíocht a laghdú go substaintiúil" sna margáil le haghaidh earraí nó seirbhísí sa Stát. Is í sin an tástáil a úsáidtear sa RA, agus úsáideann an Coimisiún Eorpach leagan cosúlach. Ceadáíonn sé díriú ar an gcaoi a rachaidh an t-idirbheart i bhfeidhm ar iomaíocht agus thomhaltóirí amháin.

Tairseacha um Fógra a Thabhairt

Tá na tairseacha um fógra a thabhairt bunaithe ar láimhdeachas na ngnóthas atá i gceist. Ní mór go mbeadh láimhdeachas airgeadais bliantúil de €40 milliún ar a laghad ar fud an domhain ag dhá cheann de na gnóthais atá i gceist ar a laghad. Ní mór go mbeadh dhá cheann díobh ar a laghad in ann gnó a dhéanamh ar oileán na hÉireann, agus ní mór go mbeadh ceann amháin díobh ar a laghad in ann láimhdeachas €40 milliún a ghiniúint laistigh den Stát. Má bhaintear na tairseacha sin amach, ní mór fógra a thabhairt ansin.

Cumasc faoi bhun na tairsí

D'fhéadfadh go n-eascródh éifeachtaí frithiomaíochta a dhéanadh dochar do thomhaltóirí ó chumasc atá faoi bhun na dtairseach sin. San Acht Iomaíochta tugtar cead fógra a thabhairt go deonach don Údarás faoi na cumasc sin, chun cinnteacht dhlíthiúil a fháil. Cúis amháin leis sin ná go bhfuil cumasc faoi bhun na tairsí fós faoi réir ghníomh forfheidhmithe faoi alt 4 agus 5 den Acht, agus go ndearna an tÚdarás imscrúduithe ar idirbhearta den sórt sin.

Réamhfógra (roghnach)

Féadfaidh páirtithe in idirbheart teagmháil a dhéanamh leis an Údarás sula dtugann siad fógra foirmiúil faoi chumasc. Féadann plé réamhfógra cabhrú le páirtithe maidir le foirm fhógra a ullmhú, agus an deis a thabhairt do pháirtithe míniú tosaigh a thabhairt faoi na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: gníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe a thug fógra, a gcuid custaiméirí, a gcuid iomaitheoirí, an bealach ina ndéantar praghsanna a chaibidil, an bealach chuig an margadh agus ábhair ábartha bhainteacha eile.

Réamhscrúdú (céim 1)

Is é atá i gceist le céim 1 ná scrúdú tosaigh a bhíonn ar siúl ar feadh aon mhíosa amháin, i ndiaidh an 'dáta oiriúnaigh' (ar gnách gurb é an lá ar tugadh fógra faoin gcumasc air). Ag deireadh tréimhse chéim 1, ceadóidh an tÚdarás an cumasc nó rachaidh sé ar aghaidh go himscrúdú iomlán (céim 2).

Imscrúdú Iomlán (céim 2)

Féadfaidh an tÚdarás imscrúdú iomlán (céim 2) a dhéanamh áit nach bhfuil sé in ann cinneadh tar éis réamhscrúdaithe nach n-eascróidh "laghdú substaintiúil ar iomaíocht" ó chumasc. Tréimhse bhreise trí mhíosa atá i gCéim 2 áit a ndéantar scrúdú sonrath ar an idirbheart agus an margadh (na margáil) a bhfuil na páirtithe ag oibriú ann. Ag deireadh thréimhse céim 2, ceadóidh an tÚdarás an cumasc, ceadóidh sé faoi réir coinníollacha é nó cuirfidh sé cosc air.

Éileamh ar Thuilleadh Faisnéise

I dteannta leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sna doiciméid fhógra, féadfaimid ÉTF a eisiúint ar pháirtí amháin nó níos mó páirtithe i gcumasc chun faisnéis a fháil a chabhróidh linn lenár scrúdú ar an gcumasc. Le linn

thréimhse céim 1, is í an éifeacht a bhíonn ag ÉTF ná an dáta oiriúnach a athrú agus spriocdháta céim 1 a athrú dá bharr sin. Leis an ÉTF stadtar an clog agus ní thosaíonn an clog arís go bhfaighimid an fhaisnéis a iarradh. Mar chodarsnacht, ní athraítear spriocdháta céim 2 nuair a eisítear ÉTF.

Toghairm Finné

Féadfaidh an tÚdarás toghairm finné a eisiúint ar aon duine de na páirtithe sa chumasc nó ar thríú páirtithe mar chustaiméirí agus iomaitheoirí. Is féidir toghairm finné a úsáid, mar shampla, chun faisnéis níos sonraí a fháil faoi ghníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe, faoi chinntí na bpáirtithe maidir leis an idirbheart, faoin bpróiseas idirbhirt, thurgnamhach maidir le sciar margaidh, nó sonraí mar phraghsanna.

Leigheasanna

Is é atá i gceist le leigheasanna ná bearta ar féidir na páirtithe a chur i bhfeidhm chun ábhair imní maidir le hiomaíocht ag eascairt ó chumasc a mhaolú. Bíonn leigheasanna mar chuid de chinneadh an Údaráis. Is féidir leigheasanna a mheas ag céim 1 nó céim 2 den phróiseas athbhreithnithe cumaisc. Féadann na páirtithe sa chumasc leigheasanna a mholadh ag céim 1 nó 1. Féadann an tÚdarás glacadh le moltaí nó diúltú dóibh ag céim 1 nó céim 2. Ní féidir coinníollacha a ghearradh ar na páirtithe sa chumasc go dtí céim 2.

Measúnú

Le linn imscrúdú chéim 2, má tá ábhair mhóra imní againn maidir le hiomaíocht, féadfaimid páipéar a eisiúint a bhfuil na hábhair imní sin leagtha amach ann. Iarrfar ar na páirtithe freagra a thabhairt do na hábhair imní sin.

Achomharc chun na gCúirteanna

Má chuirtear cosc ar chumasc, tugtar aon mhí amháin do na páirtithe chun cinneadh an mian leo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Féadfaidh an Chúirt cinneadh an Údaráis a chur ar neamhní, a dhearbhu, nó a dhearbhu faoi réir mionathruithe.

4. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN

I rith 2011 dhírigh an tÚdarás Iomaíochta acmhainní ar dhá ghné de chur chun cinn na hiomaíochta.

- Glacadh leis na moltaí a rinneamar sna blianta roimhe a chur chun cinn chomh maith le cur i bhfeidhm na moltaí céanna.
- Comhairle a thabhairt ar réimsí tábhachta eacnamaíochta áit a ndéanfar iomaíocht sa toadhchá a mhúnlú ag athruithe beartais atá á n-athbhreithniú faoi láthair.

Tháinig an fócas sin chun cinn de bharr chomhchruinniú deiseanna um leasú.

1. I 2010, thionscain an Rialtas a bhí i réim ansin próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn mholtaí an Údaráis Iomaíochta. D'oibríomar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le linn 2011 chun tacú leis an ról atá aige maidir le próiseas athbhreithnithe an Rialtais a chomhordú.
2. Sa Mheabhrán Tuisceana ó 2010 idir Éire agus an tAE/CAI leagadh amach tiomantais maidir le leasú struchtúrach a bhí go dlúth ar comhréir le cuid dár gcuid moltaí agus a thug spreagadh breise dóibh.
3. Mar thoradh ar an riachtanas leanúnach chun an geilleagar a athghiniúint agus a fhás cothaíodh spéis nua sa deis atá ag an iomaíocht cur go dearfach le téarnamh geilleagrach na hÉireann. Tháinig méadú arís i 2011 ar líon na n-iarraitas ar chomhairle ó Ranna Rialtais – maidir le conas is fearr leas a bhaint as an iomaíocht in earnálacha éagsúla – tar éis méadú suntasach teacht orthu cheana féin i 2010.

Fuarthas go raibh an fócas sin fiúntach. Gné shuntasach de chlár oibre reachtaíochta agus déanta beartais na hÉireann i 2011 ab ea iomaíocht a chur chun cinn chun cuspóirí beartais phoiblí a chomhlíonadh agus chun iomaíocht a athghabháil. Rinneadh dul chun cinn mór maidir lenár gcuid moltaí ón am atá thart a chur i bhfeidhm agus admhaítear an ról nach mór don iomaíocht a ghlacadh i go leor earnálacha a bhfuil tábhacht eacnamaíochta ag baint leo.

Moltaí ó Iar-thuarascálacha

Leanann an tÚdarás Iomaíochta ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm moltaí a rinneamar i dtuarascálacha staidéir mhargaidh roimhe seo. Déanaimid amhlaidh trí fheasacht phoiblí a chruthú agus trí pháirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí. Cuirimid comhairle ar chinnteoirí faoi na tairbhí a bhféadfadh tomhaltóirí agus gnóthaí a bhaint as ár gcuid moltaí.

Tá os cionn 50% de 173 moladh foirmiúla an Údaráis ón Acht Iomaíochta 2002 curtha i bhfeidhm anois. Cuirfear níos mó moltaí i bhfeidhm i 2012 má rithear an reachtaíocht agus na rialacháin a bhfuil díospóireacht ar siúl fúthu san Oireachtas agus ag an Rialtas le bheith ina ndlíthe.

Tharla na forbairtí beartais ba thábhachtaí ar son na hiomaíochta i 2011 sna réimsí seo a leanas:

- seirbhísí dlí
- dochtúirí ginearálta,

- pleanáil mhiondíola, agus
- iomaíocht idir soláthraithe teilifíse i mbloic árasáin.

Seirbhísí Dlí

I nDeireadh Fómhair 2011, foilsíodh an tAcht um Rialú Seirbhísí Dlí mar thogra an Rialtais chun gealltanais a rinneadh don AE/CAI maidir leis an earnáil seirbhísí dlí a chomhlíonadh. Ar an iomlán, cuimsíonn an leagan amach rialála nua cuid mhór de na gnéithe a d'aithneoimis i ngairm iomaíoch, thrédhearcach agus chuntasach.

Forbraíonn an Bille moltaí a rinneamar inár dTuarascáil *Solicitors and Barristers*¹³ agus an Meitheal Oibre ar Chostais Dlí.¹⁴ Ba é an moladh ba thábhachtaí a rinneamar ná rialaitheoir neamhspleách a thabhairt isteach – seachas an córas reatha féinrialála ag an gComhairle Bharra agus ag an Dlí-Chumann. Bheadh sé sin ar aon dul le prionsabail rialála níos fearr agus dhéanfadh sé aithris ar leasú in earnálacha eile agus sa ghairm dlí i dtíortha eile.

Déantar foráil sa Bhille do bhunú rialaitheora nua le haghaidh an dá ghairm dlí a dhéanfaidh leas custaiméirí a chosaint agus a chur chun cinn. Agus an tuarascáil seo á scríobh, ní cosúil go ndéantar foráil sa Bhille le haghaidh dóthain neamhspleáchais ag an rialaitheoir ón Rialtas, cé gur shonraigh an tAire go rachaidh sé i ngleic leis sin. Chomh maith leis sin cuirfidh an Bille ar chumas an rialaitheora moltaí lárnacha eile ón tuarascáil a chur i bhfeidhm, mar shampla iad siúd a leanas

- níos mó trédhearcachta agus cosanta le haghaidh cliant maidir le muirir agus caighdeán na seirbhíse,
- ligean do struchtúir nua ghnó agus do ghairmeacha nua forbairt, agus
- deireadh leis an monaplú ar oiliúint dlí.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta moltaí cuiditheacha i 2011 le haghaidh feabhsúchán ar an mBille - chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus i bpáipéar a cuireadh i láthair ag comhdháil i COBÁC (atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin) ar ár gcuid tuairimí tosaigh faoin mBille.

Dochtúirí Ginearálta

Bainfidh dochtúirí ginearálta agus othair go leor tairbhí as tograí an Rialtais i 2011 chun gealltanais a tugadh don AE/CAI a chomhlíonadh agus chun moltaí an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm. Beidh sé níos éasca do dhochtúirí cáiliú mar dhochtúirí ginearálta agus dul san iomaíocht le cleachtais bhunaithe dochtúra ghinearálta. Beidh rogha níos fearr de chleachtais dochtúra ghinearálta ag othair. Beidh níos mó dreasachtaí ann le haghaidh dochtúirí ginearálta chun bheith nuálaíoch maidir leis an gcineál seirbhíse a chuireann siad ar fáil agus chun dul san iomaíocht ar phraghsanna le haghaidh othar príobháideach.

Maidir le dochtúirí ginearálta ar mian leo cleachtas a bhunú beidh sé i bhfad níos éasca dóibh déanamh amhlaidh a bhuíochas do reachtaíocht nua bheartaithe a foilsíodh i Meán Fómhair 2011. Sa Bhille Sláinte (Soláthar

¹³ *Competition in Professional Services: Solicitors and Barristers*, Mí na Nollag 2006.

¹⁴ *Report of the Legal Costs Working Group*, Samhain 2005.

Seirbhísí Dochtúra Ginearálta) tugtar feidhm do cheithre cinn de na moltaí inár dtuarascáil ó 2010.¹⁵

Déantar foráil mar seo a leanas sa Bhille:

- go mbeidh rochtain do chonarthaí Stáit ar fáil do gach dochtúir ginearálta láncháilithe agus oilte,
- go mbeidh sairse ag dochtúirí ginearálta chun cleachtas a bhunú agus othair a chóireáil san ionad a roghnóidh siad,
- nach mbeidh inmharthanacht cleachtas dochtúra ghinearálta reatha i gceantar a chosaint mar fhachtóir a thuilleadh áit a mbeidh conarthaí Stáit á ndeonú, agus
- go mbeidh sairse ag dochtúirí ginearálta a fuair conradh Stáit faoi fhorálacha eatramhacha iontrála 2009 chun glacadh le haon othar a roghnaíonn freastal orthu, lena n-áirítear sealbhóirí reatha cárta liachta ar mian leo aistriú ó chleachtas eile.

Rinneadh dul chun cinn i 2011 chomh maith chun dul i ngleic leis an easpa dochtúirí ginearálta cáilithe in Éirinn. Inár dtuarascáil, chuireamar imní in iúil faoi dholúbthacht an chláir oiliúna ceithre bliana le haghaidh dochtúirí ginearálta – an t-aon bhealach amháin chuig cáiliú mar dhochtúir ginearálta in Éirinn (MICGP). Mholamar clár oiliúna mear a thabhairt isteach le haghaidh dochtúirí a raibh oiliúint ábhartha bunaithe in ospidéal déanta acu cheana féin. Faoi théarmaí an chláir AE/CAI, thug an Rialtas gealltanas chun bealach nua chuig an tsaincháilíocht a thabhairt isteach – '*MICGP-Alternative Route*' – le haghaidh dochtúirí atá ag obair mar dhochtúirí ginearálta in Éirinn faoi láthair ach nach gcomhlíonann na riachtanais chaighdeánacha um chlárú atá leagtha síos ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Cuirtear fáilte roimh an bhforbairt sin. Tabharfaidh sé poist suas go 250 dochtúir atá ag obair mar dhochtúirí ginearálta in Éirinn chun rialtacha.

Pleanáil Mhiondíola

I 2011 foilsíodh dréacht de na Treoirlínte nua um Pleanáil Mhiondíola¹⁶ inar tógadh san áireamh ceithre cinn de na moltaí a rinne an tÚdarás Iomaíochta inár dtuarascáil i 2008 ar *The Retail Planning System as Applied to the Grocery Sector: 2001- 2007*. Ar bhealach níos ginearálta, léiríonn an teanga agus na forálacha sna nDréacht-Treoirlínte níos fearr tairbhí na hiomaíochta agus leas na dtomhaltóirí i bhforbairt mhiondíola.

Déanfaidh na Dréacht-Treoirlínte iomaíocht mhiondíola a fheabhsú. Seo a leanas na héifeachtaí a bheidh acu:

- déanfaidh siad an próiseas pleanála níos tapa agus níos éasca le haghaidh miondíoltóirí nua,
- leathnóidh siad rogha na n-asraonta miondíola le haghaidh tomhaltóirí,
- cinnteoidh siad go dtabharfar níos mó airde i mbeartais pleanála miondíola do thairbhí agus rogha an tomhaltóra,

¹⁵ *Competition in Professional Services: General Medical Practitioners, 2010.*

¹⁶ Dhréachtaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na Dréacht-Treoirlínte nua.

- cinnteoidh siad nach dtaobhóidh an córas pleanála go míchuí le miondíoltóirí atá ann cheana féin i gceantar in ionad miondíoltóirí nua ach go mbreathnófar seachas sin ar thionchar an mhiondíoltóra nua ar bheogacht lár an bhaile nó ar lárionaid cheantair ina n-iomlán.

Tá moladh amháin ónár dtuarascáil – is é sin ná deireadh a chur le hiltéorannacha le méid stór miondíola – nach bhfuil curtha i bhfeidhm ag na Dréacht-Treoirínte. Seachas sin, beartaíonn siad sraith teorannacha atá difriúil leis na teorannacha reatha a chur i bhfeidhm. Mar sin, ní cosúil go bhfeicfead na miondíoltóirí lascaine mórsála atá ann i dtíortha eile chomh maith leis na praghsanna ísle a théann leo in Éirinn.

Ar an iomlán, creidimid go mbainfidh na Dréacht-Treoirínte nuafhoilsithe amach cothrom níos fearr maidir le tacaíocht a thabhairt do bheogacht, d'ínmharthanacht agus d'íomaíocht lárionaid cathrach agus baile.

Iomaíocht idir Soláthraithe Teilifíse i mBloic Árasáin

Cabhróidh reachtaíocht nua a tugadh isteach i 2011 le hiomaíocht a oscailt idir soláthraithe teilifíse i bhforbairtí ilaonad, mar bhloic árasáin.

I 2009, tharraingíomar aird ar an bhfíric nach raibh go leor cónaitheoirí árasáin in ann soláthraí teilifíse ab fhearr leo a roghnú.¹⁷ Teastaíonn cead na cuideachta bainistíochta ó chuideachtaí teilifíse chun dul ar an láthair agus an bonneagar glactha a shuiteáil. Ba mhinic a diúltaíodh an cead toisc go raibh margaí eisiachais comhaontaithe ag forbróirí le soláthraithe ar feadh tréimhsí fada. I go leor cásanna, bhí cuideachtaí bainistíochta fós dílsithe i bhforbróirí fada tar éis do na cónaitheoirí bogadh isteach. Mar sin bhí sé de nós acu gníomhú ar mhaithe le leas na bhforbróirí seachas na gcónaitheoirí.

Mar thoradh ar Acht na bhForbairtí Ilaonad 2011 beidh sé níos éasca do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in árasáin roghnú idir soláthraithe éagsúla teilifíse íochta. Ceanglaítear san Acht nua go dtabharfaí cuideachtaí bainistíochta ar aghaidh go cónaitheoirí ar bhealach tráthúil agus ordúil. Ní mór ceantair choitianta i bhforbairtí ilaonad a aistriú go cuideachta bainistíochta na n-úinéirí laistigh de shé mhí. Féadann na cónaitheoirí, seachas an forbróir (trí smacht na cuideachta bainistíochta) cinntí a bhaineann leis na ceantair choitianta – mar an gcineadh bonneagar de chuid oibreoir iomaíoch teilifíse a shuiteáil ar an láthair – a dhéanamh.

Comhairle faoi Reachtaíocht Bheartaithe, Shaincheistanna Rialála agus Iomaíochta

Leis an Acht Iomaíochta 2002 leagtar cúram orainn go sonrach as comhairle a thabhairt don Rialtas agus dá chuid Airí faoi impleachtaí na reachtaíochta beartaithe le haghaidh na hiomaíochta chomh maith le comhairle a chur ar oifigigh Ranna Rialtais agus oifigigh gníomhaireachta poiblí faoi shaincheistanna iomaíochta a thagann chun cinn ina gcuid oibre. Áirítear leis sin páirt a ghlacadh i bpróisis comhairliúcháin phoiblí chomh maith le haghneachtaí a dhéanamh maidir le saincheistanna iomaíochta ábhartha agus saineolaithe iomaíochta a sholáthar chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre agus i gcoistí.

¹⁷ *Pay-TV Exclusivity in Apartment Developments: Guidance for Residents*, Nóta Treorach, Lúnasa 2009. *Alleged Anti-Competitive Practices in the Provision of Pay-TV Infrastructure and Services to Apartment Developments*, Cinneadh Forfheidhmithe (E/09/001), 14 Lúnasa 2009.

Agus an fheidhm sin á comhlíonadh againn, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go n-éireoidh go maith leis an iomaíocht le haghaidh tomhaltóirí, gnóthaí agus an gheilleagair níos leithne. Tarraingimid aird ar aon ábhair imní i leith na hiomaíochta agus déanaimid iarracht aon torthaí diúltacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a thuar. Féadann dlíthe, rialacháin agus cleachtais riaracháin an Stáit srian a chur leis an iomaíocht, agus is minic go ndéanann siad amhlaidh. D'fhéadfadh go n-eascródh praghsanna níos airde nó seirbhísí níos measa le haghaidh tomhaltóirí agus gnóthaí astu.

Chun acmhainní a dhíriú ar áiteanna eile, níor thionscain an tÚdarás Iomaíochta aon staidéir mhargaidh fhoirmiúla nua i 2011. Mar sin féin, d'oibríomar i ndlúthpháirt le lucht déanta beartais thar raon leathan earnálacha chun iomaíocht na hÉireann a chur chun cinn. Rinneamar 11 aighneacht fhoirmiúla do phróisis comhairliúcháin phoiblí agus tugtar sonraí orthu siúd in **Aguisín D**.

Ba iad na réimsí lárnacha ar sholáthraíomar comhairle don Rialtas iontu i 2011 ná baincéireacht, leictreachas, dramhaíl, agus uisce. Tugtar achoimre thíos ar ár rannpháirtíocht sna réimsí sin.

Baincéireacht

Tháinig tírdhreach nua baincéireachta na hÉireann chun cinn i 2011 leis an gcinneadh córas baincéireachta na hÉireann a atógáil ar an 'dá cholún' mar atá Banc na hÉireann agus AIB. As na ceithre bhanc Éireannacha eile atá clúdaithe ag an ilráthaíocht ó Mheán Fómhair 2008, déanfar dhá cheann eile (Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann) a fhoirceannadh. Rinneadh ceann eile, Cumann Foirgníochta EBS a chumasc le AIB agus tá an Rialtas fós ag breathnú ar na roghanna maidir le todhchaí Permanent TSB.

Ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais i 2008, tugtar tús áite don ghá práinneach le cobhsaíocht airgeadais, seachas don iomaíocht. Mar sin féin, ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt in iarrachtaí chun cur chun cinn a dhéanamh ar na tairbhí fadtéarmacha a bhféadann an geilleagar níos leithne a bhaint as earnáil bhaincéireachta iomaíoch, dea-rialaithe.

Soláthraíonn clár an AE/CAI clúdach airgeadais ar luach €35 billiún chun cabhrú leis an athstruchtúrú bunúsach ar chóras baincéireachta na hÉireann. Mar chuid den chlár a aontaíodh idir an Troika agus údaráis na hÉireann, thug Éire gealltanais chun tabhairt faoi roinnt beart chun iomaíocht a aisghabháil agus chun cosaint an tomhaltóra a fheabhsú. Glacann an tÚdarás Iomaíochta páirt i ngrúpa stiúrtha, i dteannta le hionadaithe sinseartha ón Roinn Airgeadais, ó Bhanc Ceannais na hÉireann agus ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, a dhéanfaidh athbhreithniú agus tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun iomaíocht idir bainc a fheabhsú.

Tá sé riachtanach go n-oibreodh rialáil níos dlúithe agus forfheidhmiú na hiomaíochta taobh le taobh chun earnáil bhaincéireachta na hÉireann a leasú agus chun í a dhéanamh níos cobhsaí agus trédhearcaí sa todhchaí. Cuspóirí comhlántacha seachas cuspóirí contrártha atá i gcobhsaíocht airgeadais agus

iomaíocht i ndeireadh na dála, mar atá leagtha amach i bpáipéar a d'fhoilsigh dhá bhall foirne de chuid an Údaráis i 2011.¹⁸

Leictreachas

Rud réalaíoch anois é iomaíocht idir cuideachtaí leictreachais in Éirinn. In Aibreán 2011 chinn an Coimisiún Um Rialáil Fuinnimh (CRF) deireadh a chur le rialáil taraife ar Electric Ireland, (ar tugadh Soláthar Custaiméirí BSL air roimhe sin) tar éis iontráil rathúil Bhord Gáis agus Airtricity sa mhargadh leictreachais mhiondíola. Mar sin féin, tá deiseanna móra ann le haghaidh tuilleadh leasuithe ar an margadh sula mbeifear in ann an gealladh iomlán le haghaidh iomaíochta san earnáil leictreachais a fhíorú. Rinne an tÚdarás Iomaíochta dhá haighneacht don CRF i 2011 maidir le conas is féidir iomaíocht sa leictreachas a fheabhsú.

Inár n-aighneacht ar *Market Power in Wholesale Electricity*, d'athdhearbhaigh muid gur thacaíomar le dul i ngleic go díreach le saincheist chumhacht an mhargaidh trí dhíol stáisiún áirithe a raibh BSL ina n-úinéirí orthu. Níor cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an díolachán ioncam ar dhíolachán acmhainne an Stáit a uasmhéadú. Seachas sin ba cheart aon díolacháin acmhainne a dhíriú ar iomaíocht i nginiúint an leictreachais a mhéadú.

Inár n-aighneacht ar *Price Discrimination and Consumer Protection*, d'iarramar ar an CER díriú ar dheireadh a chur leis na bacainní roimh oibreoirí a athrú a bhí fós ann agus feabhas a chur ar chumas tomhaltóirí cinntí eolasacha níos fearr a dhéanamh seachas taraifí sóisialta a leagan le haghaidh custaiméirí leochaileacha. Ba cheart don CER a chinntiú go bhfaigheadh gach tomhaltóir faisnéis shoiléir maidir le conas a thiocfaidh deireadh lena gcuid conarthaí soláthair leictreachais agus leis na roghanna athnuachana atá ar fáil dóibh. Éiríonn go han-mhaith le hiomaíocht nuair a fhéadann custaiméirí eolasacha soláthraithe a roghnú agus athrú a dhéanamh mura bhfuil siad sásta leis an tseirbhís a fhaigheann siad.

Chomh maith leis sin reáchtálar cruinnithe le roinnt páirtithe leasmhara – lena n-áirítear an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh – chun forbairt na hiomaíochta in earnáil an leictreachais a chur chun cinn.

Dramhaíl

Ghlacamar páirt in dá chomhairliúchán poiblí de chuid an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) maidir lena cuid smaointe um earnáil dramhaíola na hÉireann a leasú. In *Altering the Structure of Household Waste Collection Market* moladh tairiscint iomaíoch a thabhairt isteach le haghaidh margáí áitiúla (seachas an tsamhail reatha áit a n-oibríonn cuideachtaí bailithe dramhaíola taobh lena chéile); agus sa *Bheartas Náisiúnta Dramhaíola* leagadh amach céimeanna i dtreo beartas náisiúnta dramhaíola comhaontaithe a bheadh soiléir, cuimsitheach agus comhsheasmhach.

Inár n-aighneacht ar *Altering the Structure of Household Waste Collection Market*, is é an pointe a dhéanaimid ná, cé go bhfuil tairiscint iomaíoch níos fearr i dteoiric ná iomaíocht taobh le taobh, tá contúirtí ag baint leis an dá shamhail. Sa saol dáiríre, d'fhéadfadh go n-eascródh cairtéal nó monaplacht

¹⁸ Hanley C. agus Rae A. (2011), *Competition Policy and Financial Stability: Friends or Foes?*, Páipéar a cuireadh i láthair do Cheardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath, Comhdháil Bhliantúil, Neidín, 14 Deireadh Fómhair 2011.

phríobháideach áitiúil as ceachtar samhail. Inár n-aighneacht sholáthraíomar comhairle shonrach ar bhealaí chun tairiscint iomaíoch a dtagann cairtéal nó sraith de mhonaplachtaí daingne chun cinn dá barr a sheachaint.

Rinneamar an pointe freisin go mbeidh tionchar mór ag tairiscint iomaíoch um bailiú dramhaíola tí ar struchtúr na margaí dramhaíola bainteacha go léir, lena n-áirítear cóireáil agus diúscairt. Dá ndéanfaí dramaíil bhailithe a threorú chuig saoraidí cóireála áirithe d'fhéadfadh go ndéanfaí dochar d'iomaíocht idir saoraidí cóireála atá ar an leibhéal céanna d'Ordlathas na Bainistíochta Dramhaíola. Is í an cheist atá os comhair an DECLG ná cén tsamhail iomaíochta is fearr a éascóidh an bhainistíocht chomhshaoil ar dhramaíil, de réir Ordlathas na Bainistíochta Dramhaíola, agus a dhéanfaidh costas bailithe dramhaíola a laghdú freisin.

Inár n-aighneacht ar an *mBeartas Náisiúnta Dramhaíola*, rinneamar an pointe go mbeadh ar an DECLG treochlár a phleanáil chuig iomaíocht éifeachtach idir Scéimeanna Freagrachta Táirgeora (SFTanna) chun iomaíocht éifeachtach a bhaint amach idir SFTanna – .i. pacáistiú, athchúrsáil, athchúrsáil DTLL, athchúrsáil cadhnraí. Bheadh ar an DECLG ról níos mó a ghlacadh i ndul i ngleic le cuid mhór de na saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil atá i gceist.

Uisce

Cuireadh tús le leasú mór ar sholáthar seirbhísí uisce in Éirinn i 2011. Ceapadh PricewaterhouseCoopers (PWC) mar chomhairleoirí chun tabhairt faoi mheasúnú neamhspleách ar aistriú na freagrachta as soláthar seirbhísí uisce ó na húdarais áitiúla chuig fónatas uisce. De réir an Chlár Tacaíochta Airgeadais le haghaidh na hÉireann a aontaíodh air idir an Rialtas agus an tAE/CAI, iarradh ar PWC an sannadh is éifeachtaí feidhmeanna agus socruithe struchtúracha a mholadh a dhéanadh seirbhísí uisce ardchaighdeáin ar phraghsanna iomaíocha a sheachadadh do chustaiméirí.

I bhfianaise an mhéid thuas, chuir an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar PWC faoi réimsí éagsúla a bhféadfadh go bhforbródh iomaíocht iontu sa todhchaí, mar shampla: iomaíocht don mhargadh agus do sholáthar móroibreacha, chomh maith le hiomaíocht mhiondíola agus mhórdhíola. Léirítear na tuairimí sin i dtuarascáil dheireanach PWC.

Is gnách go meastar gur monaplachtaí nádúrtha iad seirbhísí uisce – iompar an uisce go custaiméirí deireanacha agus bailiú fuíolluisce go príomha. Tuigtear níos fearr anois, áfach, go bhféadann earnáil uisce na hÉireann go leor tairbhí a bhaint as iomaíocht i réimsí áirithe, lena n-áirítear

- úsáid éifeachtach an uisce,
- luach ar airgead,
- rialáil éifeachtach,
- róchaitheamh agus sócmhainní míchuí a sheachaint, agus
- iomaíocht costas le haghaidh gach gnó in Éirinn.

Ní cosúil go mbeidh sé indéanta nó inmhianta go gearrthéarmach cuideachtaí uisce iomaíocha a thabhairt isteach. Ba cheart é a mheas go meántéarmach nó go fadtéarmach, áfach. Idir an dá linn, tá sé tábhachtach maidir le bunú

tosaigh Irish Water, nach gcuirfí aon rud i bhfeidhm a d'fhéadfadh tabhairt isteach na hiomaíochta sa todhchaí a chosc.

Réimsí Comhairle Eile

I dteannta leis na réimsí móra oibre atá leagtha amach thuas, chuamar i ngleic le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí poiblí i 2011 maidir le réimse saincheisteanna beartais eile. Tugtar achoimre orthu siúd i dTábla 5 thíos.

Tábla 5: Comhairle Curtha ar Fáil do Ranna Rialtais agus do Chomhlachtaí Poiblí i 2011

Roinn/Comhlacht Poiblí	Ábhar
An Banc Ceannais	Morgáistí ráta athraithigh
An Roinn Talmhaíochta	Dobharshaothrú – feirmeoireacht éisc a cheadúnú
	Grúpa Gníomhaíochta <i>Beef 2020 & Food Harvest 2020</i>
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	Bearta um choigilt fuinnimh san earnáil ola
	Margadh Fuinnimh Aonair
	An eangach leictreachais a dhíchuachadh
	Pleanáil um éigeandáil ola
An Roinn Airgeadais	Alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí
	Morgáistí ráta athraithigh
	Measúnú ar chúnamh stáit Bhanc na hÉireann
An Roinn Sláinte	Cógaisíocht: praghsáil tagartha agus táirgí cineálacha
	An Bille Sláinte (Soláthar Seirbhísí Dochtúra Ginearálta) 2011
	Árachas sláinte príobháideach
	Ábharthacht dhlí na hiomaíochta le haghaidh plé faoin gconradh nua do dhochtúirí ginearálta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	23 hÁbhar
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Leasaithe	An Scéim Sochair Teaghlaigh
An Roinn Coimirce Sóisialaí	An Scéim Sochair Teaghlaigh
An Roinn Iompair	Comórtas aerfort

Forfás	Pleanáil mhiondíola
Meithleacha Oibre / Coistí	An Meitheal Oibre ar Stair Creidmheasa
	An Foghrúpa ar Rialáil Gnó Soláthar Poiblí.
	An Grúpa Athbhreithnithe Tacsaithe
	Gealltanais Earnála Baincéireachta

Feasacht a Mhúscailt

Ar cheann de na cuspóirí lárnacha atá againn tá feasacht agus tuiscint a mhúscailt faoi thairbhí na hiomaíochta, faoi dhlí na hiomaíochta agus ról agus gníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta i measc

- tomhaltóirí agus an phobail i gcoitinne,
- gnóthaí, agus
- lucht déanta beartais.

D'fhéadfadh go ndéanfaimis cumarsáid ar bhealaí difriúla le gach grúpa, ach tá an teachtaireacht lárnach chéanna i gceist. Is í an aidhm atá againn ná ár gcuid ról agus feidhmeanna a mhíniú agus sonraí soiléire a thabhairt faoi na fáthanna lenár gcuid gníomhaíochtaí agus a gcuid torthaí. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá súil againn go gcothóimid cultúr iomaíochta níos láidre in Éirinn trí chomhlíonadh dhlí na hiomaíochta a chur chun cinn agus iompar agus beartais fhrithiomaíochta a dhíspreagadh. Cuirfidh margaí atá ag feidhmiú i gceart le hiomaíocht fheabhsaithe agus lenár dtéarnamh geilleagrach go ginearálta.

Oideachas agus For-rochtain

I 2011 rinneadh níos mó oibre ar an gclár oideachais agus for-rochtana don phobal gnó. Chuamar i ngleic le roinnt comhlachas gnó chun fáil amach an bhféadfaí caidrimh fhadtéarmacha a bhunú. Is í an aidhm atá i gceist againn agus muid ag dul i ngleic leis an bpobal gnó ná feasacht a mhúscailt faoi dhlí agus bheartais iomaíochta agus comhlíonadh a spreagadh.

Ina theannta sin d'fhoilsíomar dhá leabhrán eolais nua. Tugtar '*Bringing A Private Action*' ar cheann amháin acu agus tugtar treoir ann do dhaoine aonair agus do ghnóthaí a bhféadfadh go mbeidís ag iarraidh caingean príobháideach a thógáil dá mothóidís go ndearnadh dochar dóibh mar thoradh ar shárú ar dhlí na hiomaíochta. Is é atá i gceist leis an dara ceann ná treoirleabhar maidir leis an gcaoi a gcuireann an tÚdarás a chuid oibre in ord tosaíochta, chun cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar an bhfáth go leanaimid ar aghaidh le roinnt cásanna agus nach leanaimid ar aghaidh le cinn eile. Tá ár gcuid leabhrán eolais go léir ar fáil ar láithreán gréasáin

An Seó Bóthair ar Chamastáil Tairiscintí

Lean Seó Bóthair an Údaráis ar Chamastáil Tairiscintí ar aghaidh i 2011 agus rinneadh ocht láithreachas eile le linn na bliana. Tá an seó bóthair dírithe ar oifigigh sholáthair ó chomhlachtaí poiblí agus tá sé deartha chun feasacht a mhúscailt faoi ghníomhaíocht chairtéil féideartha idir táirgeoirí le haghaidh

conarthaí poiblí. Freisin tugtar comhairle ann faoin ngníomh ar cheart a ghlacadh má tá tuairim ag oifigigh go bhfuil tairiscint fhrithiomaíoch ar siúl.

Mar chuid den chlár thugamar roinnt láithreachas do Ranna Rialtais agus ar bhonn lárnach trí Lárionad Oiliúna agus Forbartha na Státseirbhíse. Chomh maith leis rinneamar cur i láthair do Public Affairs Ireland. Ina theannta sin, shuígh ionadaí ón Údarás Iomaíochta ar Choiste an Rialtais um Chonarthaí Tógála i 2011, a ndéanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht air.

Sraith Seimineár an Institute of International and European Affairs

I 2011 rinneamar comhóstáil ar shraith seimineár i gcomhpháirt leis an Institute of International and European Affairs. Tugadh *'The Competition Enforcers'* ar an tsraith agus tháinig roinnt daoine iomráiteacha ó réimse na hiomaíochta go hÉirinn chun forfheidhmiú na hiomaíochta a phlé mar chuid di.

<i>Cainteoir(i)</i>	<i>Teideal</i>	<i>Dáta</i>
An Dr Alexander Italianer, An tArd-Stiúrthóir d'Iomaíocht, an Coimisiún Eorpach	EU Priorities and Competition Enforcement	25 Márta 2011
Dr Frédéric Jenny, Cour de Cassation	The Globalisation of Competition Law	4 Aibreán 2011
Marcus Bezzi, Australian Competition and Consumer Commission, agus Ana Maria Melo Netto, Aireacht Dí agus Cirt na Brasaíle	Global Co-operation in Competition Enforcement	23 Bealtaine 2011
Scott Hammond, Roinn Dí agus Cirt SAM	Criminal Anti-trust Enforcement in the US	10 Deireadh Fómhair 2011

Seimineár ar Fhineálacha Sibhialta

Ar an 11 Aibreán 2011, d'óstáil an tÚdarás Iomaíochta seimineár ar dhearcadh an Údaráis ar an gcoinníoll maidir le fineálacha sibhialta i Meabhrán Tuisceana an AE/CAI. Thug Gerald FitzGerald, a bhí mar Bhall de Rannáin na gCairtéal agus na gCumas agus ina Stiúrthóir orthu ina dhiaidh sin, cuntas ar sheasamh an Údaráis maidir le conas a d'fhéadfadh Éire a ghealltanais a chomhlíonadh "chun cumhacht a thabhairt do bhreithiúna fineálacha agus smachtbhannaí eile a ghearradh i gcásanna iomaíochta" a tugadh sa Chlár Tacaíochta Airgeadais d'Éirinn (1 Nollaig 2010). Chuaigh David McFadden, Comhairleoir Dí don Údarás, i ngleic le cuid de na deacrachtaí soiléire a bhí ag baint le fineálacha sibhialta a thabhairt isteach in Éirinn. Osclaíodh an seisiún don lucht éisteachta le haghaidh sheisiún ceisteanna agus freagraí. Tar éis an tseimineáir sin d'fhoilsíomar páipéar, a scríobh Gerald FitzGerald agus David

McFadden, dar teideal "Filling a Gap in Irish Competition Law Enforcement: the Need for a Civil Fines Sanction" – tá sé ar fáil ar ár láithreán gréasáin anois.

Comhdháil Iomaíochta

I 2011, cheiliúir an tÚdarás Iomaíochta 20 bliain de dhlí na hiomaíochta in Éirinn. Chun an imeacht a cheiliúradh, d'óstálar comhdháil aon lae amháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 13 Meitheamh. Ba é téama ábhartha agus tráthúil na comhdhála ná "*The Role of Competition in Ireland's Economic Recovery*". D'oscail Lucinda Creighton, TD, an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpach an chomhdháil agus ghlac go leor cainteoirí iomráiteacha páirt inti lena áiríodh Paul Gallagher, SC, an Dr Vincent Power, an tOllamh John FitzGerald, William Kovacic, an Dr Don Thornhill, Anna Colucci, Colm McCarthy agus an Dr John Fingleton. Clúdaíodh trí réimse sa chomhdháil:

- 20 bliain de bheartas i leith na hiomaíochta in Éirinn: cad atá i ndán dó anois?
- An nasc idir iomaíocht agus iomaíochas
- Na gnéithe coitianta de chuspóirí beartais i leith na hiomaíochta agus de chuspóirí beartais eile

Fuarthas go raibh an-tóir ar an gcomhdháil ar fhreastail os cionn 50 duine cláraithe uirthi.



Tugann Lucinda Creighton a haitheasc oscailte

Ráiteas Straitéise

Gach trí bliana, déanann an tÚdarás Iomaíochta Ráiteas Straitéise ina leagtar amach spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta le haghaidh na dtrí bliana dar gcionn. Tháinig deireadh i 2011 leis an Ráiteas Straitéise le haghaidh 2009-2011. I mí na Nollag 2011, d'fhoilsíomar Ráiteas Straitéise nua le haghaidh na tréimhse 2012-2014.

Dréachtaíodh an Ráiteas i bhfianaise ár gcónasctha in aicearracht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Táimid ag súil leis go gceanglófar ar an gcomhlacht cónasctha Ráiteas Straitéise nua a dhéanamh laistigh de shé mí óna bhunú. Cé go rachadh sé sin in ionad an doiciméid reatha, d'fhorbraíomar ár bplean straitéiseach agus é ar intinn againn go mbeidh na spriocanna agus na straitéisí atá leagtha amach ann fós ábhartha d'fheidhmeanna bainteach le hiomaíocht na heagraíochta nua tar éis cónasctha.

Forbraíodh na spriocanna agus na straitéisí laistigh den Ráiteas Straitéise ar bhunús aiseolais ó go leor foinsí. Ar an gcéad dul síos, rinneadh suirbhé tomhaltóra chun dearcaí i dtreo na hiomaíochta agus an Údaráis Iomaíochta a mheas. Ar an dara dul síos, sholáthair anailís ar chlúdach gníomhaíochtaí an Údaráis léargas ar dhearcaí na heagraíochta. Go deireanach, cruinníodh tuairimí páirtithe leasmhara seachtracha agus úsáid á baint as agallaimh phearsanta chomh maith le suirbhé ar líne. D'iarramar tuairimí páirtithe lárnacha seachtracha ó na grúpaí seo a leanas:

- Ranna/gníomhaireachtaí Rialtais agus rialaitheoirí,
- comhlachais ghnó,
- comhlachais tomhaltóra,
- tráchtairí eacnamaíochta agus gnó,
- an lucht dlí, agus
- eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Ina theannta sin chuamar i gcomhairle le baill foirne maidir lena gcuid tuairimí. Léiríonn ár gcuid spriocanna le haghaidh 2012-2014 caolú ar ár bhfócas chun an timpeallacht eacnamaíochta reatha in Éirinn a thógáil san áireamh. Cruthaíonn siad go bhfuilimid tiomanta chun an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as ár gcuid acmhainní. Thugamar gealltanais chun déanamh amhlaidh trí hacmhainní a leithdháileadh chun ár gcuid dualgas agus oibleagáidí faoin dlí a chomhlíonadh ar dtús, agus trí thosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eile ansin, agus é mar aidhm na torthaí is fearr a sheachadadh do thomhaltóirí agus luach ar airgead a thabhairt d'íocóirí cánach.

Is iad ár gceithre sprioc ardleibhéil le haghaidh 2012-2014 ná:

1. Taifead láidir a chothú maidir le forfheidhmiú
2. Feasacht agus tuiscint a mhúscailt
3. Ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh
4. An próiseas cónasctha a bhainistiú go rathúil

Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa Ráiteas Straitéise ar féidir rochtain a fháil air trínár láithreán gréasáin.

Oráidí, Láithreachais, Semineáir agus Ailt

Téimid i ngleic freisin le comhlachtaí eile, le hinstitiúidí oideachais, leis an earnáil chorparáideach agus leis na meáin chumarsáide agus muid ag iarraidh i gcónaí dul i ngleic lenár gcuid páirtithe leasmhara agus feacht a mhúscailt faoinár gcuid oibre agus faoi thairbhí na hiomaíochta. Tugann ár gcuid ball foirne óráidí agus láithreachais go rialta agus scríobhann siad ailt faoi ábhair éagsúla. Is féidir liosta díobh siúd a fháil in ***Aguisín E.***

5. OBAIR IDIRNÁISIÚNTA

Leanamar ar aghaidh ag comhlíonadh ár gcuid oibleagáidí faoin AE agus ag glacadh páirte in eagraíochtaí idirnáisiúnta i 2011. Eascraíonn ár gcuid oibre idirnáisiúnta go príomha ónár ról, taobh leis an gCoimisiún Eorpach agus le húdarás náisiúnta iomaíochta i mBallstáit eile, maidir le dlí iomaíochta na hEorpa (.i. forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an iomaíocht).

Ina theannta sin déanann an tÚdarás ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta den Eagraíocht um Chomhair agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus glacann sé páirt i bhfóiraim idirnáisiúnta eile mar bhealach chun dea-chleachtas a scaipeadh laistigh den ghníomhaireacht agus chun eolas a scaipeadh faoi shaincheisteanna iomaíochta.

An Coimisiún Eorpach

Déanann an tÚdarás Iomaíochta ionadaíocht ar Éirinn le haghaidh comhairliúcháin ag an gCoimisiún Eorpach maidir le cásanna agus tionscnaimh um forfheidhmiú na hiomaíochta i ndlí agus i mbeartas na hiomaíochta. Sula nglactar cinneadh faoi mhí-úsáid ceannasachta nó faoi chumasc beartaithe, mar shampla, ní mór don Choimisiún Éisteacht Bhéil a reáchtáil áit a bhféadann cosantóirí nó páirtithe i gcumasc a gcuid tuairimí a chur in iúl. Féadann Coiste Comhairleach, áit a bhféadfann gach Ballstát a gcuid tuairimí a chur in iúl, eascairt ó sin. Chomh maith leis sin, téann an Coimisiún i gcomhairle le Ballstáit maidir le cleachtais, treoir, beartais agus reachtaíocht bheartaithe maidir le forfheidhmiú a bhaineann le dlí agus beartas na hiomaíochta sa Chomhphobal. Comhlíonaimid an ról sin trí fhreastal ar chruinnithe cinnteoireachta agus chruinnithe eile, chomh maith le rannpháirtíocht scríofa agus bhéil i mbeartas agus in anailís cásanna. Ní fhreastalaímid ar na cruinnithe go léir ach seachas sin dírimid acmhainní ar chásanna agus shaincheisteanna a mbíonn tionchar (iarbhír nó féideartha) acu ar thomhaltóirí na hÉireann agus ar na cruinnithe ardleibhéil a mholann dlí na hEorpa a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach.

Níor fhreastalaíomar ar aon Éisteachtaí Béil ná Coistí Comhairleacha ar chleachtaí sriantacha agus ar sheasaimh cheannasachta i 2011.

Cásanna Athbhreithnithe Cumaisc an AE

I 2011, ghníomhaigh Rannán na gCumasc mar rapóirtéir in éisteacht an choiste chomhairligh maidir le cás Athbhreithnithe Cumaisc amháin de chuid an AE

- *Caterpillar/MWM –Uimh. Cháis. COMP/M.6106*

I 2011, lean Rannán na gCumasc dul chun cinn éisteachtaí an choiste chomhairligh maidir le dhá chás Athbhreithnithe Cumaisc de chuid an AE agus ghlac siad páirt iontu

- *Seagate Technology/The HDD Business of Samsung –Uimh. Cháis. COMP/M.6214 and*
- *Deutsche Borse/NYSE Euronext –Uimh. Cháis. COMP/M.6166*

Meitheal Oibre Ad Hoc an AE maidir le Cumaisc

In Eanáir 2010, bhunaigh údaráis iomaíochta náisiúnta an AE meitheal oibre chun tairbhí a roinnt agus chun níos mó comhoibrithe agus coinbhéirseachta a chothú idir gníomhaíochtaí i réimse rialú cumasc an AE. Déanann an Coimisiún Eorpach cathaoirleacht ar an Meitheal Oibre, agus roghnaítear dhá Leaschathaoirleach as na comhaltaí. Ba iad an tÚdarás Iomaíochta agus Bundeskartellamt na Gearmáine na chéad dhá Leaschathaoirleach ar an meitheal oibre nua.

I Samhain 2011, d'aontaigh údaráis iomaíochta náisiúnta na hEorpa ar shraith cleachtas a d'ullmhaigh an Meitheal Oibre (*Best Practices On Co-operation between EU National Competition Authorities In Merger Review*). Is í aidhm na nDea-chleachtas ná comhoibriú agus roinnt faisnéise a chothú idir údaráis iomaíochta náisiúnta san AE, le haghaidh na gcumasc nach gcáilfonn le haghaidh athbhreithnithe ag an gCoimisiún Eorpach é féin ach a gceanglaítear orthu cead a fháil i go leor Ballstát. Bhí an tÚdarás Iomaíochta i gceannas ar an doiciméad sin a dhréachtú. Tá sé ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

An Líonra Eorpach um Iomaíocht

Tá ballraíocht ar an Líonra Eorpach um Iomaíocht (ECN) éigeantach le haghaidh údaráis iomaíochta náisiúnta Ballstát. Bunaíodh i 2004 é chun comhoibriú a éascú maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha iomaíochta an Chomhphobail trí shocruithe um roinnt faisnéise, chúnaimh agus chomhairliúcháin. Is é cuspóir an ECN ná creat dlí éifeachtach a thógáil chun dúshlán a chruthú do chuideachtaí atá i mbun chleachtais trastreorann a chuireann srian leis an iomaíocht agus a dhéanann dochar do leas tomhaltóirí.

I 2011 d'fhreastalaíomar ar dhá chineál cruinnithe ardleibhéil ghinearálta; cruinniú na nArd-Stiúrthóirí agus cruinnithe Iomlánacha an ECN. Bhíomar gníomhach freisin sna Meithleacha Oibre agus sna Foghrúpaí Earnálacha seo a leanas:

- Comhoibriú idir Údaráis Iomaíochta
- TF Fóiréinseach
- Cairtéil
- Príomheacnamaithe
- Baincéireacht
- Seirbhísí Airgeadais,
- An Comhshaol
- Bia

Ina theannta sin glacaimid páirt i dtionscadail leanúnacha lena n-áirítear coinbhéirsiú chláir trócaire na mBallstát agus an gaol idir nósanna imscrúdaithe coiriúla agus riaracháin. Tá an tionscadal chun cláir trócaire ar fud an AE a chur ar chomhréim lena chéile ábhartha ach go háirithe, i bhfianaise athbhreithniú ár gclár díolúine féin. Toradh amháin a eascróidh ón athbhreithniú ná go mbeidh ár gcuid clár ar chomhréim le cláir an Choimisiúin agus na mBallstát eile. Cabhróidh sé sin faoi seach, le hiarratais trócaire ar fud an AE a éascú agus cuirfidh sé níos mó feabhais ar bhrath agus ionchúiseamh cairtéal san Eoraip.

Nuachtlitir an ECN agus Coimre an ECN

Déanann an ECN dhá dhoiciméad maidir le gníomhaíocht chomhaltaí an ECN.

- Doiciméad rúnda inmheánach atá san *ECN Newsletter* ina dtugtar sonraí ar imscrúduithe, staidéir agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an Líonra. Eisítear é idir ceithre agus cúig huairé gach bliain. Scríobh an tÚdarás ailt le haghaidh na nuachtlitreach le linn na bliana. Bhí sé mar phríomheagarthóir, i dteannta leis an nGearmáin agus an Ungáir, le haghaidh eagrán mhí Mheán Fómhair.
- San *ECN Brief* tugtar eolas don phobal faoi ghníomhaíochtaí chomhaltaí an ECN cúpla uair sa bhliain. Chun féachaint ar iareagrán den *ECN Brief* agus chun clárú chun eagrán nua a fháil, téigh chuig <http://ec.europa.eu/competition/ecn/brief/index.html>. Ina theannta sin cuireann an tÚdarás leis an *ECN Brief* nuair a tharlaíonn gníomhaíocht shuntasach maidir leis an iomaíocht in Éirinn.

An Eagraíocht um Chomhair agus Fhorbairt Eacnamaíochta

Freastalaíonn an tÚdarás ar chruinnithe de Choiste Eacnamaíochta an OECD, a deirtear gurb é príomhfhoinsé an domhain le haghaidh comhairle agus anailíse i leith beartais do rialtais maidir le conas is fearr feidhm a bhaint as fórsaí an mhargaidh ar mhaithe le héifeachtacht agus rath a mhéadú ar fud an domhain. Is é an Coiste, a thógann le chéile mórúdaráis iomaíochta an domhain, an príomhfóram idirnáisiúnta ar shaincheisteanna tábhachtacha maidir le beartas iomaíochta.

Chuimsigh ceann amháin de na cruinnithe sin, i Meitheamh 2011, dhá chruinniú comhchéime ceann amháin ar *'Impact Evaluation of Merger Decisions'* agus an ceann eile ar *'Promoting Compliance with Competition Law'*. Bhí tuarascálacha tíre agus painéal saineolaithe ar na hábhair mar chuid den dá chruinniú. Chomhlánaigh an dara cruinniú comhchéime obair an Údaráis ar bhileog eolais ar chomhlíonadh le haghaidh gnóthaí agus comhlachas trádála.

An Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht

Tá an tÚdarás ina chomhalta den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (ICN). Déanann an ICN iarracht ionad speisialaithe ach neamhfhoirmiúil a sholáthar d'údaráis iomaíochta chun tacú le forbairt an dea-chleachtas i ndlí agus i mbeartas na hiomaíochta agus chun dul i ngleic le hábhair imní praiticiúla maidir leis an iomaíocht. Tá Údarás Iomaíochta na hÉireann gníomhach i gcúig cinn de mheithleacha oibre an ICN: Cumaisc, Tacaíocht, Iompar Iltaobhach, Éifeachtacht Gníomhaireachta agus Cairtéil. Is trí mheán teileachomhdhála grúpa a nglacaimid páirt i go leor de na meithleacha oibre sin.

Rinne Rannán na gCumasc de chuid an Údaráis comhchathaoirleacht, leis an Rannán in aghaidh Trustaí de chuid Roinn Dlí agus Cirt na Stát Aontaithe (US DOJ) ar an Meitheal Oibre ar Chumaisc go dtí mí na Nollag 2011.

Le haghaidh 2010-2011, bhí an Meitheal Oibre ar Chumaisc rannpháirteach i measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a chuid riachtanas reatha maidir le táirgí oibre agus comhaltacht. Tá Rannán na gCumasc rannpháirteach sa phróiseas sin trí shuirbhéanna ar chomhaltaí den mheitheal oibre agus suirbhéanna NGA a phleanáil, a dhréachtú agus anailís a dhéanamh orthu.

6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Airgeadas

Tugtar cistiú don Údarás Iomaíochta trí mheán deontais bhliantúil ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba é luach an deontais a tugadh don Údarás Iomaíochta i 2011 ná €5.1m. Bíonn cuntais an Údaráis faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ní cosúil go gcríochnófar an t-iniúchadh ar chuntais 2011 go dtí dara ráithe 2012. Dá bharr sin ní féidir linn ár gcuid cuntas iniúchta a fhoilsiú inár dTuarascáil Bhliantúil. Déantar ár gcuid cuntas iniúchta a fhoilsiú gach bliain ar ár láithreán gréasáin, áfach, nuair a chríochnaítear iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Ba é an táirgeacht shealadach, neamhiniúchta le haghaidh 2011, áfach, ná caiteachas de €3.6m. Tháinig laghdú nádúrtha ar chaiteachas mar thoradh ar an laghdú ar líon na mball foirne atá ag obair san Údarás trí mhoratorium an Rialtais ar earcaíocht chun na seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, níor tháinig roinnt dliteanas teagmhasach a tógadh san áireamh sa leithdháileadh buiséid de €5.1m chun saoil i rith na bliana agus mar sin tháinig laghdú níos mó ar chaiteachas.

Ní mór táille de €8,000 a íoc nuair a thugtar fógra don Údarás faoi chumaisc agus éadálacha faoin Acht Iomaíochta. Mar a tuairiscíodh in áiteanna eile sa tuarascáil seo, fuair an tÚdarás 40 fógra faoi chumaisc i 2011 agus mar sin fuarthas táillí cumaisc de €320,000. Íocadh an t-airgead sin leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ina theannta sin d'íocamar costais dlí de €400,000 leis an Roinn a fuaireamar ar ais in Eanáir ag eascairt ónár gcaingean dlí i gcoinne BIDS.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ar mhaithe le trédhearcacht agus dearialachas, go bhfoilseodh comhlachtaí Stáit sonraí faoi thuarastal an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Chun críocha an ceanglas sin a chomhlíonadh, measann an tÚdarás Iomaíochta gurb é a Chathaoirleach a Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Mar a luadh thíos, ceapadh Isolde Goggin mar Chathaoirleach i nDeireadh Fómhair 2011. Socraíonn an Roinn Airgeadais tuarastal bliantúil an Chathaoirligh i gcomhréir le beartas pá an Rialtais agus tá sé comhionann le luach saothair Leas-Rúnaí mar atá leagtha amach in Aguisín 1A den Chiorclán Airgeadais E107/22/06 ón Roinn Airgeadais, .i., €176,800. Ní fhaigheann Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta aon bhónais ná luach saothair breise.

Iniúchadh Inmheánach

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Iniúchta an Údaráis; comhaltaí seachtracha iad beirt acu agus ionadaí ón Údarás atá i nduine amháin acu. Déanann duine de na comhaltaí seachtracha, an tUas. Jim Bardon, cathaoirleacht ar an gcoiste agus is í an tUas. Noreen Fahy ón bhForas Riaracháin an dara comhalta seachtrach. Is é an tUas. Gerald FitzGerald ionadaí an Údaráis ar an gcoiste ón 21 Nollaig 2011.

Tá an Coiste Iniúchta neamhspleách ón Údarás i bhfeidhmiú a chuid dualgas agus níl sé faoi réir treorach ná smachta ó aon pháirtí eile. Oibríonn sé de réir Cairte a bhfuil a chuid téarmaí tagartha leagtha amach inti.

Reáchtáil an Coiste Iniúchta ceithre chruinniú le linn 2011 agus rinne sé athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh ar

- Láimhseáil Gearán
- Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Riosca
- Rialuithe Inmheánacha Airgeadais agus
- Fógairt agus Imscrúdú Cumasc.

Ina theannta sin rinne an Coiste athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais agus Chuntais an Údaráis le haghaidh 2009 agus 2010 agus bhí cruinniú aige le hiniúchóir sinseartha ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste maidir le cuntais airgeadais an Údaráis. Tháinig an Coiste Iniúchta ar an gconclúid ag deireadh 2011 gurbh deimhin leis go raibh córais daingne um rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an Údarás.

Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás Iomaíochta trí hiarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise i 2011. Iarratais neamhphearsanta a bhí iontu go léir. As na trí hiarratas ar déileáladh leo, deonaíodh dhá cheann i bpáirt agus diúltaíodh rochtain ar roinnt doiciméad agus tarraingíodh siar an t-iarratas eile tar éis comhairliúcháin leis an Údarás.

Acmhainní Daonna

I Márta 2009 thug an Rialtas isteach roinnt beart chun leibhéil foirne a laghdú sa tseirbhís phoiblí, lenar áiríodh moratorium a chur i bhfeidhm ar earcaíocht agus scéimeanna dreasachta um shos gairme agus luathscor a thabhairt isteach. Ag an am a tugadh isteach an cosc ar earcaíocht, ba é líon ball foirne ceadaithe an Údaráis Iomaíochta ná 59. Faoi dheireadh 2011, bhí líon na ndaoine a bhí ag obair san Údarás Iomaíochta laghdaithe go 39. Is é sin an leibhéal ar cuireadh teorainn le líon foirne an Údaráis aige faoi Chreat Rialaithe Fostaíochta an Rialtais.

Tháinig imeachtaí ón Údarás chun cinn i 2011 nuair a d'ímigh Declan Purcell ar scor i Meán Fómhair tar éis dó seirbheáil mar chomhalta den Údarás ó 1998 agus mar Chathaoirleach air ó Aibreán 2010. I bhFeabhra 2011, d'ímigh an Dr Stanley Wong nuair a d'ímigh a théarma oifige cúig bliana in éag, agus i mBealtaine agus i mí Iúil faoi seach, d'ímigh Isolde Goggin agus Gerald Fitzgerald ar feadh tréimhse gairide nuair a chuaigh a dtéarmaí oifige mar Chomhaltaí sealadacha in éag. Tháinig an bheirt acu ar ais níos deireanaí sa bhliain nuair a ceapadh Isolde mar Chathaoirleach agus Gerald mar Chomhalta, tar éis comórtais oscailte. Tháinig an tOllamh Stephen Calkins chuig an Údarás i mí na Nollag 2011 agus tháinig Patrick Kenny in Eanáir 2012. Ag eascairt ó na folúntais ar leibhéal Comhalta le linn 2011, cheap an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Ciarán Quigley, Noreen Mackey agus David McFadden mar Chomhaltaí sealadacha faoin Acht Iomaíochta (Leasú) 2010 ar feitheamh Comhaltaí fadtéarmacha a cheapadh faoi Acht 2002.

Ba iad na daoine eile a d'ímigh i 2011 ná Elizabeth Heffernan, Oifigeach Airgeadais an Údaráis, a chuaigh ar scor i mí an Mheithimh, agus Elisa Ryan, Oifigeach Cásanna – Aturnae, a d'ímigh i mí na Samhna.

Mar thoradh ar an moratorium ar earcaíocht agus an teorainn le líon na mball foirne atá ceadaithe san Údarás faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta, bhí líon na ndaoine a bhí ag obair san Údarás Iomaíochta i 2011 ag an leibhéal ab ísle ó bhí 2003 ann.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí i bhfeidhm ag an Údarás Iomaíochta chun léiriú go bhfuil sé tiomanta chun cinntiú go dtugtar an leibhéal seirbhíse is airde agus is féidir dá chuid custaiméirí. Chomhlíonamar na gealltanais sin den chuid is mó. Admhaíodh 97% den chomhfhreagras a fuarthas laistigh de thrí lá ó é a fháil agus réitíodh go hiomlán 89% de nó déileáladh leis trí mheán freagra eatramhaigh.

A. STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

Comhaltaí an Údaráis Iomaíochta amhail an 31 Nollaig 2011

Isolde Goggin

Cathaoirleach

Stiúrthóir ar an Rannán Tacaíochta agus ar an Rannán Straitéise



Ciarán Quigley

Stiúrthóir ar Rannán na gCairtéal agus ar an Rannán Seirbhísí Corparáideacha



Gerald FitzGerald

Stiúrthóir ar Rannán na Monaplachtaí



Stephen Calkins

Stiúrthóir ar Rannán na gCumasc



Struchtúr Eagrúcháin an Údaráis Iomaíochta¹⁹

Rannáin	Tacaíocht	Cairtéil	Seirbhísí Corparáideacha	Cumaisc	Monaplachtaí	Straitéis
Comhalta	Isolde Goggin	Pat Kenny	Isolde Goggin	Stephen Calkin	Gerald FitzGerald	Isolde Goggin
Bainisteoir	Carol Boate	Cormac Keating	Ciarán Quigley	Ibrahim Bah	John Evans	Vivienne Ryan
Comhairleoirí Dí	Noreen Mackey David McFadden					
Bainisteoir Cumarsáide						Clodagh Coffey
Oifigigh Cásanna	Ciarán Aylward Cathal Hanley Kathryn MacGuill Deirdre McHugh Han Nie	Aoife Brennan John Burke Dan Kenna Catherine Kilcullen Eksteen Maritz John McNally Joe McLoughlin ²⁰		Barry O'Donnell Andrew Rae	Victoria Balageur Malachy Fox Janet McCoy David O'Connell Anne Ribault O'Reilly Haiyan Wang	Joseph Walser
Ardoifigigh Fheidhmiúcháin	James Plunkett Sandra Rafferty					
Oifigigh Fheidhmiúcháin	Rafal Saniternik				Pat Downey	
Oifigigh Chléireachais	Sandra Brennan	Mark Wilkinson				

¹⁹ Léiríonn sé na baill foirne a bhí ag obair san Údarás Iomaíochta ar an 31 Nollaig 2011.

²⁰ Tá an Bleachtaire-Sháirsint Joe McLoughlin ar iasacht ó Bhiúro an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise.

B. CUMAISC AR TUGADH FÓGRA DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA FÚTHU I 2011

Fógra	Earnáil Gheilleagrach	Dáta an Fhógra	Stádas
M/11/001 – Greencore/Northern Foods	Bia saoráideach	07/01/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/002 – Igate/Patni Computer Systems	IT	14/01/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/003 – DSM/Martek	Déantúsaíocht agus soláthar aigéid shailleacha il-neamhsháithithe	17/01/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/004 – Glanbia/Dawn Dairies agus Golden Vale Dairies	Earnáil an bhainne leachtaigh	19/01/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/005 – JD Sports/Champion Sports	Éadaí agus coisbheart brandáilte	25/01/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/006 – Cargill/Nedalco	Táirgeadh alcóil	25/02/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/007 – Oaktree/Beluga	Seirbhísí airgeadais agus an tionscal loingseoireachta	01/03/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/008 – Clondalkin Group/Catalent	Cógaisíocht, cúram sláinte agus TF	01/03/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/009 – BH Acquisitions/Northern Foods	Táirgí éisc agus táirgí sicín	07/03/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/010 – Northern Trust/BOI Securities Services	Coimeád agus riar cistí	08/03/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/011 – Duke Street/Hutton Collins/Lion/Katsu/JV	Bialann	24/03/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/012 – Jabil/F-I Holding Company	Seirbhísí déantúsaíochta leictreonaí	04/04/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/013 – DZ Bank/WGZ Bank/DZ Privatbank	Seirbhísí baincéireachta príobháidí sa Ghearmáin go príomha	04/05/2011	Ceadaithe (céim 1)

M/11/014 – Royal London/Royal Liver	Árachas	05/05/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/015 – AIBP/C&D Foods	Bia peataí	16/05/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/016 – Dell/CIT Group	Seirbhísí airgeadais	20/05/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/017 – Charterhouse/ERM Group	Comhairleacht ar shláinte chomhshaoil agus shábháilteacht	30/05/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/018 – Blackstone/Tangerine	Milseogra	03/06/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/019 – Amazon/Book Depository	Miondíol leabhar	04/07/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/020 – Ericsson/Telecordia	Teileachumarsáid	12/07/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/021 – IHKG (NISF & Intersnack)/Largo Food	Bia sneaic neamh-mhilis	15/07/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/022 – Musgrave/Superquinn	Grósaeireacht	22/07/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/023 – Greencore/Uniq	Bia saoráideach	26/07/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/024 – Acromas/Allied Healthcare	Cúram sláinte tí	04/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/025 – LA Holding/Linpac Group	Pacáistiú iompair	09/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/026 – AIG/AeroTurbine	Eitlíocht tráchtála	15/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/027 – Scripps/UKTV	Craoladh teilifíse	19/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/028 – Valeo Foods/Jacob Fruitfield	Bia	19/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/029 – HP/Autonomy	Bogearraí bonneagair	26/08/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/030 – IBM/Fitch Risk	TF	07/09/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/031 – Autobar/Provend	Uathdhíoltóirí	09/09/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/032 – Kerry/Cargill	Ábhair bhia	26/09/2011	Ceadaithe (céim 1)

M/11/033 – Varde/SAV	Cártaí creidmheasa agus seirbhísí árachas creidmheasa	10/10/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/034 – Investec/Evolution	Seirbhísí airgeadais	14/10/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/035 – Graphite/Harbourmaster	Bainistíocht sócmhainní	20/10/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/036 – Independent/GrabOne	Na meáin dhigiteacha agus priontáil agus foilsíú nuachtán	26/10/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/037 – Connacht Gold/Donegal Creameries	Earnáil an bhainne leachtaigh	01/11/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/038 - RTÉ/TG4	Craoladh teilifíse	07/12/2011	Tuilleadh eolais iarrtha (Céim 1)
M/11/039 – TDL Media/DCPL/Setanta	Craoladh teilifíse	12/12/2011	Ceadaithe (céim 1)
M/11/040 – SAP/SuccessFactors	Tacaíocht bogearraí a thabhairt d'fheidhmeanna gnó cuideachtaí	13/12/2011	Ceadaithe (céim 1)

C. STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASÚNAÍODH 2009-2011

	2011	2010	2009
Cumaisc ar Tugadh Fógra Fúthu	40	46	27
fógraí éilithe [alt 18(1)]	40	46	27
fógraí deonacha [alt 18(3)]	0	0	0
Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe	6	3	2
tugtha ar aghaidh mar chéim 1	5	3	2
tugtha ar aghaidh mar chéim 2	1	0	0
Atreoraithe ón gCoimisiún Eorpach (ECMR Art 9)	0	0	0
IOMLÁN NA gCÁSANNA	46	49	29
an méid a bhain le cumaisc mheáin	5	8	2
an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 i mbliain an chinnidh	1	1	1
an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 sa bhliain roimh an gcinneadh	1	1	0
Cásanna Tarraingthe Siar	0	0	0
Tarraingthe siar ag céim 1	0	0	0
Tarraingthe siar ag céim 2	0	0	0
Cinntí Seachadta	42	43	26
Céim 1 Cinntí Ceadaithe gan mholtaí	40	41	25
Céim 1 Cinneadh le moltaí	0	1	0
Céim 2 Cinneadh dearfach gan choinníollacha ná moltaí	2	1	0
Céim 2 Cinneadh le moltaí	0	0	0
Céim 2 Cinneadh faoi réir coinníollacha	0	0	1
Céim 2 Toirmeasc	0	0	0
Atreorú chuig an gCoimisiún Eorpach (ECMR Art 22)	0	0	0
Tugtha ar aghaidh go dtí an bhliain dar gcionn	4	6	3
Tugtha ar aghaidh mar chéim 1	4	5	3
Tugtha ar aghaidh mar chéim 2	0	1	0

D. AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA I 2011

Uimhir Aighneachta	Aighneacht chuig	Ábhar	Achoimre
S-11-001	An Banc Ceannais	An Cód Cosanta Tomhaltóirí	Chuireamar fáilte ar na hathruithe beartaithe ar an gCód Cosanta Tomhaltóirí. Soláthraíonn siad cosaint fheabhsaithe do thomhaltóirí gan chinnteacht rialála a chailliúint.
S-11-002	An Roinn Díl agus Cirt agus Athchóirithe Díl	Coireacht an Bhóna Bháin	Chuireamar moltaí ar aghaidh chun feabhas a dhéanamh ar imscrúdú agus ionchúiseamh choireacht an bhóna bháin. Dá dtabharfaí isteach Acht um Mionnú Éithigh agus Acht um Sceithirí chabhrófaí le hiomláine a chosaint, agus ag an am céanna thabharfaí roinnt cosanta d'fhinnéithe a thiocfadh ar aghaidh chun cabhrú le gníomhaireachtaí Stáit agus coireacht an bhóna bháin á forfheidhmiú acu.
S-11-003	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Leictreachas Mórdíola	D'athdhearbhaíomar go rabhamar ar son cur chuige struchtúraigh (m.sh. acmhainní giniúna BSL a scaradh), seachas cur chuige rialála i dtreo dul i ngleic le saincheisteanna cumhachta margaidh i leictreachas mórdíola.
S-11-004	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Idirdhealú Praghsanna agus Cosaint Tomhaltóirí	Chuireamar i gcoinne tograí chun idirdhealú praghsanna ag soláthraithe leictreachais a thoirmeasc. Níl Clásail Neamh-Idirdhealaithe riachtanach chun tomhaltóirí a chosaint agus is é a d'fhéadfadh a tharlú i ndáiríre, ná go n-eascródh praghsanna níos airde le haghaidh gach tomhaltóra – lena n-áirítear iad siúd a bhfuil siad ag iarraidh a chosaint – dá mbarr.
S-11-005	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	An Straitéis Iompair 2011-2030	Chuireamar in iúl go raibh imní orainn faoi easpa aon tiomantais d'iomáiocht mhéadaithe in iompar poiblí. Ba cheart go mbeadh deis chomhionann ag gach soláthraí seirbhísí poiblí bus dul san iomáiocht chun na seirbhísí fóirdheontais a sholáthar, nuair a rachaidh na conarthaí reatha le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann in éag. Ba cheart go mbeadh aon seirbhísí poiblí bus beartaithe faoi réir iomáiochta oscailte.
S-11-006	An Coimisiún Eorpach	Comhshásamh	Leagamar amach ár gcuid tuairimí maidir le comhshásamh, mar chuid de thionscnamh faoi cheannas an Choimisiúin chun cur chuige comhtháite uile-Eorpach i dtreo an ábhair a fhorbairt. Modh éifeachtach é comhshásamh chun ligean do ghearnaithe, mar thomhaltóirí, a bhfuil éilimh bheaga scaipthe acu, cúiteamh a fháil as an dochar a ndearnadh dóibh ag iompar mídhleathach gnóthas.
S-11-007	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Caighdeáin fheithicle	Leagamar amach ár gcuid tuairimí maidir le rialáil bheartaithe chaighdeáin fheithicle le haghaidh tacsaithe, hacnaithe agus limisíní, a dhírigh ar thrí réimse: Caighdeáin

			Fheithicle, Brandáil Feithicle agus éifeacht iomlán na rialachán cáilitheach.
S-11-008	An Roinnt Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Cód Cleachtais um Earraí Grósaera	D'áitíomar nach bhfuil an Cód Iompair beartaithe riachtanach agus go bhféadfadh go mbeadh sé fritorthúil. Méadóidh sé costais ghnó, laghdóidh sé solúbthacht sa tslabhra soláthair grósaeireachta agus ní cosúil go gcomhlíonfaidh sé a chuspóir mar atá cumhacht mhargála soláthraithe beaga a mhéadú.
S-11-009	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Bailiú Dramhaíola Tí	Scrúdaíomar tuillteanais choibhneasta na tairisceana iomaíche i gcomparáid le hiomaíocht taobh le taobh um bailiú dramhaíola tí. Leagamar amach réimse céimeanna nach mór a ghlacadh chun tairbhí féideartha na tairisceana iomaíche a bhaint amach.
S-11-010	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	An Beartas Náisiúnta Dramhaíola	Scrúdaíomar cuid de na saincheisteanna iomaíochta a thagann chun cinn sna réimsí seo a leanas: Pleanáil Bainistithe Dramhaíola; Scéimeanna Comhlíontachta; Faisnéis Athchúrsála a Chur in Iúl; Soláthar Poiblí Glas; agus Tobhaigh.
S-11-011	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Treoirlínte um Pleanáil Miondíola	Chuireamar fáilte roimh na Treoirlínte nua beartaithe um Pleanáil Miondíola. Tabharfaidh siad feidhm do cheithre cinn de na moltaí a rinneadh inár dtuarascáil i 2008 agus bainfidh miondíoltóirí agus tomhaltóirí araon leas astu. Tá ceann amháin dár gcuid moltaí – is é sin na deireadh a chur le hiltéorannacha ar mhéid stór miondíola – nach bhfuil curtha i bhfeidhm ag na Dréacht-Treoirlínte. Mar sin, ní cosúil go bhfeicfear na miondíoltóirí lascaine mórscála atá ann i dtíortha eile chomh maith leis na praghsanna ísle a théann leo in Éirinn.

E. SEIMINEÁIR, ÓRÁIDÍ, LÁITHREACHAIS & PÁIPÉIR

Teideal	Fóram	Dáta	Duine
Competition law and the Agri-food Sector	Dioplóma UCC/ICOS Diploma i dTreoir Chorparáideach (Gnó an Bhia)	12 Eanáir	Aoife Brennan agus Cathal Hanley
Bid-rigging Roadshow	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	25 Eanáir	John Burke agus Eksteen Maritz
The European Competition Network	An Chomhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta	26 Eanáir	Declan Purcell
Bid-rigging Roadshow	Public Affairs Ireland	2 Feabhra	Aoife Brennan agus Catherine Kilcullen
Enforcing Competition Law	Ollscoil Luimnigh	1 Márta	David McFadden
Bid-rigging Roadshow	Teach Lansdowne	25 Márta	Aoife Brennan agus Catherine Kilcullen
Reform of the Legal Profession Imminent	Alt don Sunday Business Post	27 Márta	Declan Purcell
White Collar Crime	Dlí-Chumann na hÉireann	30 Márta	David McFadden
Civil Fines Condition in the EU/IMF MoU: The Competition Authority's Perspective	Seimineár an Údaráis Iomaíochta ar Fhíneálacha Sibhialta	11 Aibreán	Gerald FitzGerald agus David McFadden
Bid-rigging Roadshow	COBÁC	19 Aibreán	Aoife Brennan agus Dan Kenna
Bid-rigging Roadshow	Teach Lansdowne	27 Bealtaine	Catherine Kilcullen agus Eksteen Maritz
Some Thoughts on Criminalising Cartels	Lá Iomaíochta na hEorpa, Búdaipeist	30 Bealtaine	David McFadden
What We can Learn from Criminal Cartel Investigations	Lá Iomaíochta na hEorpa, Búdaipeist	30 Bealtaine	David McFadden
Filling a Gap in Irish Competition Law Enforcement: the Need for a Civil Fines Sanction	Paipéar tar éis an tseimeanáir ar Fhíneálacha Sibhialta a réachtáladh in Aibreán	9 Meitheamh	Gerald FitzGerald agus David McFadden
Bid-rigging Roadshow	Teach Lansdowne	17 Meitheamh	Catherine Kilcullen agus Eksteen Maritz
Exchange of Confidential Information and the Protection of Business Secrets	Seimineár a réachtáladh ag an Polish Office of Consumer and Competition Protection, Warsaw	5 Iúil	Noreen Mackey
Enforcement v Advocacy – Lessons from the Downturn	Cruinniú Bliantúil Cheannairí Údaráis Iomaíochta na hEorpa, Vársá	6 Iúil	Declan Purcell
Competition and Privatisation	Sraith Economy Eolas: The Future of State Assets	28 Meán Fómhair	Carol Boate
Practical Issues in Merger Review	Comhdháil Preas ar Iomaíocht	28 Meán Fómhair	Ibrahim Bah
Effectiveness and Efficiency – Changes Sought by the	Comhdháil Preas ar Iomaíocht	28 Meán Fómhair	Noreen Mackey

Competition Authority			
Detecting Anti-competitive Practices in Public Procurement	eProcurement Network, Teach Lansdowne	6 Deireadh Fómhair	Dan Kenna agus Catherine Kilcullen
What Happened to Competition Policy?	Comhdháil Bhliantúil an DEW, Neidín	14 Deireadh Fómhair	John Evans agus David McFadden
Competition Policy & Financial Stability: Friends or Foes?	Comhdháil Bhliantúil an DEW, Neidín	14 Oct	Cathal Hanley agus Andrew Rae
Bid-rigging Roadshow	Public Affairs Ireland	26 Oct	Catherine Kilcullen agus John McNally
Opening Energy and Utility Sectors to Competition	Comhdháil ar iomaíocht i bhfuinneamh agus i margaí rialáilte	25 Samhain	Isolde Goggin
Competition and the Structure of the Legal Profession	Comhdháil COBÁC ar <i>Regulating the Legal Profession</i> , Teach Newman House	25 Samhain	Isolde Goggin
Making Competitive Tendering Work	Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar Dhramháil	29 Samhain	Ciarán Aylward
Bid-rigging – Cartels in Public Procurement	Comhdháil St Martin, Brno, Poblacht na Seice	30 Samhain	David McFadden
Bid-rigging Roadshow	Teach Lansdowne	16 Nollaig	Catherine Kilcullen agus Joe McLoughlin

